

# Tuarascáil Bhliantúil 2024





# Tuarascáil Bhliantúil

## 2024

## Clár


Misean, Fís agus Croíluachanna ..... 12

Gealltanais TG4 ..... 14

Buaicphointí Feidhmíochta TG4 ..... 16

Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile ..... 32

Tuairisc an Chathaoirligh ..... 33

Tuairisc an Ard-Stiúrthóra ..... 38

Ráiteas faoi Chúrsaí Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird ..... 43

Athbhreithniú Airgeadais ..... 46

Ráitis Airgeadais ..... 47



**Fidil Ghorm** léirithe ag Abú Media

*TG4's Fidil Ghorm, a heartwarming Irish-language drama that was shot in Rathmullan, has won the prestigious Audience Award for Best Irish Feature at the Newport International Film Festival in California.*

***Donegal Live***
31/10/24

# Is féidir teacht ar TG4 ar iomaí bealach...

TG4

**Ar teilifís in Éirinn**

**Saorview**
Cainéal 4

**Sky**
Cainéal 104

**Virgin Media**
Cainéal 104

**Eir**

**Tuaisceart Éireann**

**Sky**
Cainéal 163

**Virgin Cable**
Cainéal 877

**Freeview**
Cainéal 51

**Ar fud an Domhain**

**TG4.ie**

**iOS & Android App**

**Smart TV Apps**
Samsung
LG
Sony
Android TV
Apple TV

# Buaicphointí Feidhmíochta
## 2024

TG4

**2.2%**
An sciar Náisiúnta den Lucht Féachana Teilifíse

**88%**
An sciar den phobal a aontaíonn gur seirbhís riachtanach í TG4

**81%**
Cúla4
Aimsiú Seachtainiúil
(Teaghlaigh le gasúir <12 bhliain)

**50%**
An sciar de mhúinteoirí bunscoile a úsáideann ábhar TG4/Cúla4 go rialta

**€35.5m**
Caiteachas ar chomhlachtaí sna réigiúin

**83%**
An sciar den mhaoiniú poiblí ar ábhar Gaeilge

**68%**
Aimsiú seachtainiúil Lucht Féachana Gaeltachta trasmeán

TG4
Buaicphointí Feidhmíochta
2024

# Scéalta ó Gach Áit

## NA COMHLACHTAÍ LÉIRIÚCHÁIN ATÁ AG OBAIR LINN

**Tír Chonaill:**
Ligid
Nic Niallais
HG Productions

**Conamara (Gaeltacht):**
Glór Media
Fíbín
Danú
Ros na Rún
Aniar
Tua Films
Iris
Telegael
Gaelmedia
ROSG
Abú
LMDÓC
Stiúideo Cuan
Power Pictures
MÓC2
Snag Breac Films
Europus
TMI

**Gaillimh/Maigh Eo:**
Sugartown Films
Lorg Media
Fogarty Fenwick Ltd
Black Gate Productions
Lunar Pictures (Maigh Eo)

**Ciarraí:**
Aniar

**Corcaigh:**
Súgradh (NL)
Forefront
Bo Media

**An Rinn:**
Red Shoe
Nemeton
An Corsaiceach (Port Láirge)



**Tuaisceart Éireann:**
Paper Owl
Ronin Films
Zoogon
Big Mountain
Ligid Productions
Below the Radar
Imagine Media
Doubleband
Crawford McCann
Táin
Macha Media
Waddell Media
Strident Media
Sonas Productions
Dearcán Media
Clean Slate

**BÁC:**
Macalla
Midas Productions
Tyrone
Domhan Media
Adare Productions
Blinder Films
Plainsong
Oddboy Media
Tile Media
Counterpoint Pictures
Desmond Bros Media
Up Up Away
Dearg Films
Touchline Media
Aisling Productions
Loosehorse Ltd
Red Pepper Productions
Highwire
Icebox Films
Inscéal

**Laighean:**
Dundara Productions (Cill Dara)
Cartoon Saloon (Cill Chainnigh)
Akajava (Cill Mhantáin)

# Gradaim

## Fleadh Scannán na Gaillimhe

KNEECAP
An Scannán Éireannach is Fearr

Patrick O'Neill, Jack Tarling, Trevor Birney — KNEECAP
An Príomhscannán Gaeilge is Fearr

Fidil Ghorm
An Chéad Scannán Lánfhada Éireannach is Fearr

## Féile Scannán Sundance

KNEECAP
Gradam an Lucht Féachana

## Cumann Lúthchleas Gael

Molscéal
Gradaim Mhic Con Mídhe don Ghaeilge

## Féile Scannán na Catalóine

Fréwaka
An Ceol Bunaidh is Fearr

## Féile Scannán Idirnáisiúnta Newport Beach

Fidil Ghorm
Gradam an Lucht Féachana

## Féile na Meán Ceilteach

Reds na hÉireann
Stair

Lyra
Príomhscannán Faisnéise

## Gradaim Chumarsáide an Oireachtais

M'Ainm Mo Scéal
Sraith Teilifíse na Bliana do Dhaoine Óga

Ag Triail ar an Tobar
Sraith Teilifíse na Bliana

Aoife Ní Thuairisg
Pearsa Teilifíse na Bliana

KNEECAP
Scannán na Bliana

Alan Esslemont
Buaicghradam

## Gradaim Chiorcal na gCriticeoirí Scannán Bhaile Átha Cliath

KNEECAP
An Scannán Éireannach is Fearr

# Gradaim

## Gradam Scannán Neamhspleách na Breataine

Rich Peppiatt — KNEECAP
An Scríbhneoir Céadscripte is Fearr

Rich Peppiatt, Trevor Binney, Jack Tarling
An Scannán Neamhspleách Briotanach is Fearr

Carla Stronge
An Roghnú Aisteoirí is Fearr

Julian Ulrichs, Chris Gill
An Eagarthóireacht is Fearr

Gary Welch, Jeanette Rehnstrom
An Mhaoirseacht Cheoil is Fearr

Michael 'Mikey J' Asante
An Ceol Bunaidh is Fearr

Liam Óg Ó hAnnaidh, Naoise Ó Cairealláin, JJ Ó Dochartaigh
An Comhthaispeántas is Fearr ó Chomhaisteoirí

## Féile Scannán Les Arcs na hEorpa

Rich Peppiatt — KNEECAP
An Príomhscannán is Fearr

Rich Peppiatt — KNEECAP
Duais an Ghiúiré Óig

Rich Peppiatt — KNEECAP
Le Prix des Cinglés du cinéma

## Féile Scannán Liospóin

Rich Peppiatt — KNEECAP
Gradam Tap Revelation

## Atlanta Film Critics Circle

KNEECAP
An Scannán Idirnáisiúnta is Fearr

## Festival Univerciné Britanique

Rich Peppiatt — KNEECAP
Duais an Lucht Féachana

## Gradaim Scannán Neamhspleách is Fearr Hollywood

Iarsmaí
An Príomhscannán Faisnéise is Fearr

## Féile Drámaíochta agus Teilifíse Londain

Iarsmaí
Catagóir an Phríomhscannáin Faisnéise

## Féile Scannán Disappear Here, Dún na nGall

Iarsmaí
Gradam Chearta an Duine

## Gradaim RTS 2024

Misneach — Alex Lee
Spórt

# Ainmniúcháin

TG4

## Gradaim Dlí agus Cirt na Meán

Iniúchadh TG4 — Céad Míle Fáilte
Iriseoireacht craoltóireachta teilifíse/físeáin

## Féile Scannán na Catalóine

Fréwaka
Scannán is Fearr

## Gradaim RTS na hÉireann

Inis Meáin, Idir Dhá Linn
Clár Fíorasach Aonair

Gaiscí GPA i Kenya
Spórt

Misneach — Alex Lee
Spórt

## Féile na Meán Ceilteach

Misneach — Alex Lee
Clár Faisnéise Spóirt

Meanapás – Meon Nua
Clár Faisnéise Aonair

Reds na hÉireann
Stair

Fleadh Beo 2023
Ceol Beo

M'Ainm, Mo Scéal
Cláracha Páistí

Éire Eile
Gearrfhoirm

Lyra
Príomhscannán Faisnéise

Scríofa sna Réaltaí
Dráma Gearr

## Gradaim Oscar

KNEECAP
An Príomhscannán Idirnáisiúnta is Fearr

KNEECAP
An tAmhrán Bunaidh is Fearr

## Féile Scannán Idirnáisiúnta Chorcaí

Fréwaka
An Gradam don Phríomhscannán Nua Éireannach is Fearr

## Gradaim Scannán Neamhspleách na Breataine

Rich Peppiatt — KNEECAP
An Gradam don Scannán is Fearr i dTeanga Eile seachas Béarla

Ryan Kernaghan — KNEECAP
An Chineamatagrafaíocht is Fearr

Rich Peppiatt — KNEECAP
An Stiúrthóir is Fearr

Nicola Moroney — KNEECAP
An Dearadh Léiriúcháin is Fearr

Rich Peppiatt — KNEECAP
An Script Scannáin is Fearrs

Brendan Rehill, Louise Burton, Aza Hand, Chris Woodcock — KNEECAP
An Fhuaim is Fearr

Zjena Glamocani — KNEECAP
An Dearadh Feistis is Fearr

KNEECAP
An Scannán is Fearr i dTeanga Iasachta

## Gradaim Dallas-Fort Worth Film Critics Association

Rich Peppiatt — KNEECAP
An Scannán is Fearr i dTeanga Iasachta

## Gradaim Scannán na hEorpa

Rich Peppiatt — KNEECAP
Gradam Scannán Ollscoile na hEorpa
Rich Peppiatt — KNEECAP
European Discovery — Prix FIPRESCI

## Féile Scannán Idirnáisiúnta Ghent

Rich Peppiatt — KNEECAP
Gradam Explore

## Gradaim Las Vegas Critics Society

Rich Peppiatt — KNEECAP
An Scannán Idirnáisiúnta is Fearr

## Féile Scannán Sundance

Rich Peppiatt — KNEECAP
Gradam NEXT Innovator

## Féile Scannán Idirnáisiúnta Rhode Island Flickers

Scríofa sna Réaltaí
Gearrscannán Beo — Aicsin

## CIRCOM PRIX

Iniúchadh TG4 — Caillte san Úcráin
Imscrúdaithe faoi Cúrsaí Reatha

# Ainmniúcháin

TG4

## Scannánaíocht agus Drámaíocht IFTA

Northern Lights
Dráma

Elva Trill — Northern Lights
An tAisteoir Mná is Fearr i bPríomhról — Dráma

Tom Hall — Northern Lights
An Stiúrthóir is fearr — Drámaíocht

Stephen Jones — Northern Lights
Script Drámaíochta

## Gradaim Chumarsáide an Oireachtais

M'Ainm Mo Scéal — Ronin Films
Sraith Teilifíse na Bliana do Dhaoine Óga

Siar Linn — Macalla Teoranta
Sraith Teilifíse na Bliana do Dhaoine Óga

Uisce Uisce — Paper Owl Films
Sraith Teilifíse na Bliana do Dhaoine Óga

Is Mise — Meangadh Fibín
Sraith Teilifíse na Bliana do Dhaoine Óga

KNEECAP — Fine Point Films, Mother Tongues Films, TG4, Wildcard
Clár Teilifíse/Scannán na Bliana

100 Bliain de Thithíocht in Éirinn — Midas Productions
Clár Teilifíse/Scannán na Bliana

Ag Triall ar an Tobar — Midas Productions
Sraith Teilifíse na Bliana

Iniúchadh TG4 — Clean Slate TV
Sraith Teilifíse na Bliana a

Meitheal Mara Corca Dhuibhne — Aniar TV
Sraith teilifíse na bliana

## Féile Scannán Sydney

Rich Peppiatt — KNEECAP
An Scannán is Fearr

## Féile Scannán Idirnáisiúnta Indy Shorts

Scríofa sna Réaltaí
An Rogha Oifigiúil d'fhéile 2024

## 12ú Féile Scannán Idirnáisiúnta Seoul do Leanaí

Scríofa sna Réaltaí
Catagóir Gearrscannán an Chomórtais

## North Texas Film Critics Association, na Stáit Aontaithe

KNEECAP
An Scannán is Fearr i dTeanga Iasachta

## Denver Film Critics Society

KNEECAP
An Scannán is Fearr i dTeanga Nach Béarla Í

## Georgia Film Critics Association (GAFCA)

KNEECAP
An tAmhrán Bunaidh is Fearr

KNEECAP
An Scannán Idirnáisiúnta is Fearr

## Gradaim Houston Film Critics Society

KNEECAP
An Scannán is Fearr i dTeanga Iasachta

## Gradaim Criticeoirí DiscussingFilm

KNEECAP
An Scannán Idirnáisiúnta is Fearr

## Online Film and Television Association

KNEECAP — Mo Chara, Adrian Louis Richard Mcleod, DJ Próvaí, Toddla T, Móglaí Bap
An tAmhrán Bunaidh is Fearr

## Gradaim Greater Western New York film Critics Association

KNEECAP
An Scannán Eachtrannach is Fearr

## North Dakota Film Society

KNEECAP — Mo Chara, Adrian Louis Richard Mcleod, DJ Próvaí, Toddla T, Móglaí Bap
An tAmhrán Bunaidh is Fearr

## Gradaim Columbus Film Critics (CIC)

KNEECAP
An Scannán is Fearr i dTeanga Iasachta

## San Francisco Bay Area Film Critics Circle

KNEECAP
An Príomhscannán Idirnáisiúnta is Fearr

## Gradaim Scannán Astra

KNEECAP
An Príomhscannán Idirnáisiúnta is Fearr

# Misean, Fís & Croíluachanna



**Téacs Taistil** léirithe ag Macalla Teoranta

Fís TG4

**teanga agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus áit lárnach a bheith ag TG4 i saol mhuintir na hÉireann**

Tá sé mar mhisean ag TG4 seirbhísí meán a chur ar fáil atá taitneamhach agus nuálach chun ceiliúradh a dhéanamh ar chruthaitheacht na Gaeilge agus nasc a chruthú leis an lucht féachana sa bhaile agus ar fud an domhain. Mar thoradh ar ár gcomhpháirtíocht le hearnáil closamhairc na Gaeilge, is féidir ábhar den chéad scoth a chruthú agus tacaíocht a thabhairt d'fhás eacnamaíoch na hÉireann.

Is é an fhís atá TG4 ná "teanga agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn ionas go mbeidh rath orthu agus a chinntiú go mbeidh áit lárnach ag TG4 i saol mhuintir na hÉireann, in Éirinn féin agus thar lear".

Tá fís agus misean TG4 le fáil i mana TG4 "Súil Eile", mana a aithníonn gur gá a bheith i mbéal an phobail le cláir nideoige trí chláir ardchaighdeáin a choimisiúnú/a fháil agus a chraoladh, ar mhaithe le líon ard lucht féachana a aimsiú, a shroicheadh agus a choinneáil.

Bíonn tionchar ag luachanna TG4 ar an mbealach a mbaintear amach a straitéis, ar an gcur chuige a úsáideann sé agus tríd is tríd tugann siad léargas ar na prionsabail atá ina gcroíthréithe ag an eagraíocht. Táthar ag súil go n-úsáidfidh gach fostaí de chuid TG4 na luachanna seo mar threoirphrionsabail.

## Súil Eile

Cuimsítear fís agus misean TG4 i mana TG4, ***"Súil Eile"***

# Croíluachanna

## Ceangal

- Nasc laethúil leis an nGaeilge a chur ar fáil don lucht féachana go léir de gach aois anseo sa bhaile agus ar fud an domhain.
- An lucht féachana a chur i lár báire san uile ní dá ndéanaimid.
- Malairt léargais a sholáthar ar chúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Cruthaitheacht

- A bheith cruthaitheach inár n-aschur agus i ngach ní a dhéanaimid.
- Ábhar nuálach uathúil a chur ar fáil.
- Cruthaitheacht agus cultúr na Gaeilge a cheiliúradh.

## Barr Feabhais & Luach ar Airgead

- Sceideal clár agus ábhar ar ardchaighdeán a chur ar fáil.
- Struchtúr éifeachtach éifeachtúil ó thaobh costais a chur i bhfeidhm.

## Réamhghníomhach

- Dea-rún agus meon comhoibríoch na heagraíochta agus na foirne a choinneáil agus a chur chun cinn.

# Gealltanais
## don bhliain 2024

### 1 Lucht Féachana:

Leanúint ag cur le babhtaí breathnaithe agus le lucht féachana trasardáin TG4.

### 2 An Lucht Féachana Níos Óige:

Infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí do leanaí agus in ábhar don lucht féachana idir 15-34 bliain d'aois, caidreamh an lucht féachana óg le TG4 agus leis an nGaeilge a neartú.

### 3 Pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta:

Freastal níos fearr arís a dhéanamh ar phobal na Gaeilge agus ar phobal na Gaeltachta.

### 4 Geilleagar Réigiúnach Ildánach:

Treisiú le forás ar eacnamaíocht na cruthaitheachta sna réigiúin in Éirinn le hinfheistíocht i bhforbairt ábhair agus i bhforbairt cumais.

### 5 Idirnáisiúnú Lorg Cultúir Chruthaithigh TG4:

Lorg domhanda cultúir agus teanga TG4 a neartú.

### 6 Maoiniú agus Scála:

A chinntiú go ndéantar maoiniú leordhóthanach ar TG4 chun forás a dhéanamh agus a chinntiú go dtugtar luach an airgid i gcrích maidir leis na cistí poiblí.

### 7 ESG – Cúrsaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais:

Fiúntas poiblí a thabhairt i gcrích trí thionchar sochaíoch TG4 agus trínár n-aidhmeanna inbhuanaitheachta agus éagsúlachta.



**KNEECAP** léirithe ag Fine Point Films. Maoinithe ag TG4, Ciste Craoltóireachta Gaeilge, Scáileán Thuaisceart Éireann, Fís Éireann, Coimisiún na Meán, BFI, Wildcard, Curzon, Charades, Dias Feld, Section 481 agus Creidiúint Cánach UK.

*KNEECAP Sweeps the British Independent Film Awards.... "Films like KNEECAP don't get made without funders who are prepared to take a chance" — Director Rich Peppiatt*

**LILY FORD**

***The Hollywood Reporter***

*8/12/2024*

# Buaicphointí Feidhmíochta 2024



**Fréwaka** léirithe ag Doubleband Films and Wildcard

3.73m duine, nó os cionn 80% den daonra, a bhí ag féachaint ar TG4 ag am éigin i rith na bliana in 2024. Mhéadaigh sciar an lucht féachana teilifíse náisiúnta go 2.2%, an sciar is airde den lucht féachana atá againn ó 2009 i leith.

**SCANNÁIN & DRÁMAÍOCHT as GAEILGE**

Le linn 2024, leanadh den ról lárnach atá ag TG4 scannáin Ghaeilge a fhorbairt agus bhain scannáin Ghaeilge a choimisiúnaigh TG4 aitheantas domhanda amach.

D'éirigh leis an scannán *KNEECAP* aird idirnáisiúnta a bhaint amach ag féilte agus gradaim scannánaíochta ar fud an domhain, agus lean Scannáin Cine4 de bheith faoi bhláth le linn 2024, leis na scannáin *Fréwaka* agus *Fidil Ghorm*.

Craoladh an tsraith nua dhrámaíochta *CRÁ* ar TG4 agus ar BBC i bhfómhar 2024, agus taispeáineadh an scannán ghearr *Scríofa sna Réaltaí* mar chuid de thionscnamh Eurovision an EBU maidir le Sraitheanna Drámaíochta do Leanaí.



**Iniúchadh TG4** léirithe ag Clean Slate Television

**Cúrsaí Reatha/VÓTA 2024**

Bhí beochlúdach cuimsitheach ag TG4 ar thoghcháin na bliana. Chlúdaigh Vóta 2024 na toghcháin áitiúla agus Eorpacha sa samhradh agus an t-olltoghchán san fhómhar. Á gcur i láthair ag Eimear Ní Chonaola agus Siún Nic Gearailt, rinneadh scagadh agus mionanailís ar thorthaí ó na ceantair Ghaeltachta agus ó thoghcheantair go náisiúnta. Bhí clúdach forleathan de na toghcháin ar gach ardán.

D'éirigh go maith leis an tsraith Cúrsaí Reatha, Iniúchadh TG4, freisin. Tugadh aitheantas don tsraith ag Gradaim RTS, ag Circom Prix 2024 agus ag Gradaim Dlí agus Cirt na Meán. Is mar thoradh ar cheann de chláir Iniúchadh, a craoladh in 2024, *Brící Lochtacha, Pobail Bhriste*, ar tháinig athrú ar an scéim deontais d'úinéirí tí atá buailte ag brící lochtacha.

> **Iniúchadh TG4 investigates the defective blocks crisis. .. reporter Kevin Magee travelled to Zurich in Switzerland to interview Dr Leemann about his latest scientific research on the cause of defective blocks, and the best solution.**
>
> ***Derry Journal***
> *5/11/2024*



**Lí Ban** léirithe ag Paper Owl Films

> ***Lí Ban is set to make its international debut at MIPCOM 2024 and launch on Ireland's Cúla4/TG4 and Wales' S4C in the Welsh language.***
>
> **Worldscreen.com**
> *06/09/24*

**Cúla4**
Rinneadh ceiliúradh in 2024 ar chainéal Cúla4 a bheith bliain ar an aer. Sheol Cúla4 sraith anime Cheilteach nuachoimisiúnaithe, *Lí Ban*.

Seoladh leagan uasdátaithe agus feabhsaithe d'aip Sheinnteoir CÚLA4 ar na gairis shoghluaiste uile. Tá an leagan nua seo níos snasta agus níos éasca le húsáid.

Cuireadh an chéad leagan riamh de Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) ar fáil ar an dráma teilifíse Gaeilge *Saol Ella*. Rinneadh an seoladh ag ócáid i Sráidbhaile Bhodhar na hÉireann i mBaile Átha Cliath.

D'éirigh thar barr leis an tseirbhís nuachta laethúil a chuireann Nuacht Cúla4 ar fáil don lucht féachana óg agus d'éirigh go maith freisin leis an bhforbairt agus oiliúint a cuireadh ar iriseoirí nua.




**Cúla4**

# Buaic-Imeachtaí TG4

**Gradam Ceoil TG4**
Don dara bliain as a chéile, is i gCeoláras Ollscoil Luimnigh a bhí Gradam Ceoil TG4 ar siúl. Tugadh aitheantas ag Gradaim na bliana do scoth na gCeoltóirí Traidisiúnta. Bronnadh Gradam Ceoil na Bliana ar an bhoscadóir Derek Hickey agus Gradam Comaoine TG4 ar Chairdeas na bhFidléirí. Bronnadh gradam chomh maith ar Eoghan Ó Ceannabháin (Amhránaí), Macdara Ó Faoláin (Ceoltóir Óg), Ryan Molloy (Cumadóir), Jean Butler (Gradam Saoil) agus The Kane sisters (Grúpa Ceoil).

**Climate On Culture**
Bhí ról lárnach ag TG4 ag eagrú na chomhdhála Climate on Culture i bpáirt leis an Idaho Museum of International Diaspora (IMID) idir 18-21 Meán Fómhair 2024. Fóram í inar déanadh plé ar thionchar na h-aeráide ar chultúr agus cíoradh ar ról eagrais chultúrtha agus oideachais le dea chleachtais aeráide a spreagadh.

**Amuigh 2024**
Mar chuid de ceiliúradh ar Chruinniú na nÓg 2024 d'eagraigh TG4 i bpáirt le Fíbín agus Éire Ildánach 'Amuigh 24'. Féile chroíúil a chuir fáilte roimh dhaoine óga ar fud na gceantar Gaeltachta ar fad páirt a ghlacadh sa cheiliúradh ar chruthaitheacht agus cultúr. Bhí idir cheardlanna, ceol, scléip agus seó beo ag an ócáid lae seo ar fhreastail os cionn 1500 ógánach air ó aois 0–18.

***CRÁ***
Seoladh an t-sraith nua drámaíochta *CRÁ* in Mí na Samhna agus bhí taispeántas speisialta pobail in Amharclann Ghaoth Dobhair. Is i dTír Chonaill a déanadh taifeadadh ar an t-sraith.



**Gradam Ceoil TG4** léirithe ag Big Mountain Productions

**A special screening of *An Bothy Band* with Irish Sign Language will take place on Christmas Day.**

***The Journal of Music***
*December 2024*

# Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú (ÉCI)

Go dtí seo is é ár 'Fóram Seaimpíní' ina bhfuil ionadaithe ó gach cearn d'eagraíocht TG4 atá i gceannas ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm straitéis ÉCI TG4. D'fhorbair TG4 ár straitéis 'GESG' i rith 2024. Is straitéis chuimsitheach don Inbhuanaitheacht í seo a chlúdaíonn gach gníomhaíocht ESG (Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachas) agus a chuireann leis an gColún 'Gaeilge' atá ina cuid bhunúsach de mhisean TG4. Tá straitéis agus bearta ÉCI TG4 san áireamh i gcolún 'Sóisialta' na straitéise sin. Agus é ag tógáil ar obair fhorbartha agus ar an suirbhé cuimsitheach ar pháirtithe leasmhara a rinneadh in 2023, fuair TG4 tacaíocht ó Corc Impact chun an straitéis a leagan amach i gcomhréir le hoibleagáidí tuairiscithe eile atá ar TG4 maidir le treoir CSRD, Treochlár Inbhuanaitheachta Choimisiún na Meán agus an straitéis GEDI a bheidh againn go gairid, spriocanna comhshaoil SEAI agus spriocanna comhshaoil eile chomh maith le méadrachtaí rialachais agus rialála eile. Cuireadh grúpaí oibre agus plean gníomhaíochta le chéile agus tá siad á gcur i bhfeidhm ó dheireadh na bliana 2024 agus isteach in 2025.

Cuireadh straitéis agus scála tomhais ÉCI TG4 ar fáil den chéad uair i mí Eanáir 2022 agus tá siad á gcur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach. Mar chuid den phróiseas seo, cuireann TG4 i dtoll a chéile roinnt méadrachtaí ÉCI agus déanann sé iad a thomhas lena n-áirítear: baill foirne de réir stádais fostaíochta; baill foirne de réir inscne agus rannóige; baill foirne de réir inscne agus leibhéal; baill foirne de réir deicíl aoise agus rannóige; baill foirne 55+; baill foirne de réir blianta seirbhíse; daoine a cuireadh faoi agallamh le haghaidh poist agus iarrthóirí rathúla de réir inscne; agus, staitisticí a bhaineann leis an



**An Bothy Band** léirithe ag Big Mountain Productions



**Peil na mBan Beo** léirithe ag Nemeton TV

mbearna phá idir na fir agus na mná. Leagadh síos na méadrachtaí ar fad i ndeireadh 2022 agus déantar iad a thomhas gach bliain chun monatóireacht a dhéanamh ar ÉCI i TG4 agus chun tuairisciú a dhéanamh ina leith.

Léiríonn figiúirí 2024 arís go bhfuil cothromaíocht an-mhaith idir na fir agus na mná i TG4 sna haoischohóirt agus sna rannóga éagsúla. Táthar ag cur tacaíochtaí breise ar fáil i rith an ama d'fhonn cabhrú le hoibrithe mná dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí teicniúla sin a mbíonn éagothroime iontu go traidisiúnta, sa tionscal ar fad. Tá níos mó ban ag obair i réimsí an Riaracháin agus an Choimisiúnaithe. Nuair dhéantar an bhearna idir pá na bhfear agus pá na mban a thomhas is léir nach bhfuil ach fíorbheagán difríochta ann agus más tada é go bhfuil na difríochtaí i bhfabhar na mban. Bhí an difríocht ba mhó le feiceáil sa cheathairíl íochtarach i measc na bhfostaithe in 2024, ach tharla sé seo mar gheall ar go raibh céatadán níos mó d'intéirnigh mná againn an bhliain áirithe sin agus ní cúis imní é. Roimhe seo, bhíodh an tuairisciú maidir leis an mbearna phá idir na hinscní deonach i gcás TG4, ach ó 2025 i leith tá sé éigeantach. Tá polasaí oibre solúbtha nua, pleanáil straitéiseach maidir le comharbacht, soláthar intéirneachtaí agus clár printíseachta ag cuidiú leis an bhfórsa saothair a dhéanamh níos ilchineálaí fós.

I rith 2024 chuir Fóram Seaimpíní TG4 bearta ÉCI i bhfeidhm thar thrí cholún; ó thaobh fórsa saothair cuimsitheach, inár n-ábhar foilsithe agus sna pobail a bhfuil tionchar againn orthu. Cuireadh raon de bhearta oiliúna a bhain le cúrsaí feasachta ar siúl don fhoireann. Agus muid ag cur le traidisiún TG4 maidir le tacú le mná sa spórt, leanamar orainn ag cur réimse leathan clár agus ábhar ar fáil agus ardán á thabhairt do Pheil na mBan, AFLW, sacar na mban,

**TG4 coming on board is a turning point for Ladies Gaelic Football because it gives it much greater visibility and there's consistent coverage of the games…. You see at the same time membership is increasing so I think you can draw a link between the two.**

**Hayley Kilgallon,**
***author of Unladylike: A History of Ladies Gaelic Football,***
*2024*

> **'It's not about ratings for us' — how TG4 keeps the dream 'live' by giving public what they want.**
>
> **Colm Keys**
> ***Irish Independent***
> *28/9/2024*

rugbaí, cispheil, rásaíocht, rothaíocht agus go leor eile. Cuireadh béim freisin ar níos mó éagsúlachta san ábhar a choimisiúnaítear agus a fhaightear. Tá lúcháir orainn gur craoladh leagan sa Teanga Chomharthaíochta den dráma móréilimh atá ag TG4 do dhéagóirí, *Saol Ella*, chomh maith le fadscannán faisnéise i dtaobh The Bothy Band. Tá comhlachtaí léiriúcháin á spreagadh le níos mó leaganacha ISL de chláir a chur ar fáil agus tá siad an-dearfach ina leith seo. Tá príomhscannán nua *An Grá Ciúin* á fhorbairt ag scríbhneoir/stiúrthóir bodhar, tá aisteoirí an scannáin bodhar agus baineann an scéal le grá i saol daoine atá bodhar. Táimid buíoch do Choimisiún na Meán as an tacaíocht a thugann siad go leanúnach do na tionscadail éagsúlachta seo. Agus é ag obair le comhghleacaithe san Aontas Craolacháin Eorpach (EBU), tá TG4 i gceannas ar thionscadal chun Foireann Uirlisí Néaréagsúlachta a fhorbairt do chraoltóirí. Chomh maith leis sin chomhoibrigh TG4 in 2024 ar thionscnaimh ÉCI le comhlachtaí in earnáil phoiblí na hÉireann, le hAontas Craolacháin na hEorpa, Fís Éireann, IBEC agus páirtithe leasmhara tábhachtacha eile.



**GAA BEO** léirithe ag Nemeton TV



**Planda go Pláta** léirithe ag Mac Dara Ó Curraidhín (LMDÓC)

**Lucht Féachana TG4 in 2024**
Le linn na bliana, d'fhéach 3.73m duine, nó os cionn 80% den daonra, ar TG4 ag am éigin i rith na bliana. Mhéadaigh an sciar atá againn den lucht féachana teilifíse náisiúnta go 2.2% in 2024 (ardú beagnach 5% ar an meánsciar féachana iomlán). Tháinig méadú freisin ar lucht féachana sa bpríomham féachana, ag 2.4%, ardú 7.1% ar 2023. Léiríonn an dá fhigiúr seo go bhfuil méadú tagtha ar an lucht féachana atá againn cúig bliana as a chéile. Ba é TG4 arís an 7ú cainéal teilifíse ba mhó faire in Éirinn. Shroich TG4 63% den lucht féachana Gaeilge ar fad ar bhonn seachtainiúil, ar gach ardán líneach agus digiteach lena n-áirítear teilifís, gairis chliste agus shoghluaiste agus ar líne.

Lean an fás láidir atá ar lucht féachana digiteach TG4 freisin in 2024. Tháinig méadú 24% go 6.435m ar líon na n-amharc a bhí ag físeáin ar Sheinnteoir TG4, ardú ó 5.186m in 2023 (i gcomparáid leis an bhfás 6% a baineadh amach in 2023). Chuidigh clúdach beo Spórt TG4, ábhar siamsaíochta agus an tsraith nua drámaíochta *CRÁ* go mór leis an bhfás sin. Lean an fás ar chainéil meán sóisialta TG4 freisin áit a raibh 80m amharc ar fhíseáin an chainéil in 2024, ardú 3% ar 2023.

**TG4 ag freastal ar Phobal na Gaeilge**
Tá seirbhís do phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta lárnach i straitéis TG4 agus leanadh den obair in 2024 lena neartú. Díríodh ar straitéis a leagan amach chun neamhspleáchas eagarthóireachta a bhaint amach do

> **TG4's new cookery show for January 2024 is the first of its kind on Irish television.**
>
> **Darryl Armitage**
> ***Farming Life***
> *12/1/2024*

**The Pobal Chois Fharraige series was filmed over the summer months in the company of some of Cois Fharraige's "characters" during their busiest time of year.**

**Afloat**
*25/05/24*

Nuacht TG4 agus an tseirbhís a fhorbairt tuilleadh. Lean TG4 ag cur lena chlúdach ar mhórimeachtaí Gaeltachta ar nós Oireachtas na Samhna agus Comórtas Peile na Gaeltachta. Chlúdaigh *Molscéal* scéalta ó gach cearn den Ghaeltacht i rith na bliana. Déanadh coimisiúnú ar shraitheanna nua, ina measc *Cúramóirí*, *Pobal Chois Fharraige*, *Taoscadh ón Tobar* agus *Meitheal Mara Chorca Dhuibhne*.

**TG4 ag infheistiú san Earnáil Chruthaitheach**

In 2024, méadaíodh ar an infheistíocht in ábhar nua a choimisiúnú ón earnáil agus i bhforbairt tallainne. Caitheadh €32.1m leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách go náisiúnta agus €35.5m le comhlachtaí atá ag obair i réimsí cruthaitheacha de gach cineál, ar fud réigiúin na hÉireann. Caitheadh 83% dár maoiniú poiblí ar ábhar Gaeilge. Mar thoradh air sin, tá obair nua cruthaithe agus ardú ar fhostaíocht san earnáil, chomh maith le hardú a bheith ar an sciar den lucht féachana don chúigiú bliain as a chéile. Tá 80% de chaiteachas léiriúcháin neamhspleách TG4 sna réigiúin agus os cionn 70% de sna ceantair Ghaeltachta.

In 2024, thacaigh TG4, i gcomhpháirt le hÚdarás na Gaeltachta agus an earnáil neamhspleách, le socrúcháin oibre curtha ar fáil in 15 comhlacht léiriúcháin chun taithí oibre phraiticiúil sa léiriú a thabhairt, ceardlanna a chur ar fáil agus creidiúint acadúil a bhaint amach trí Theastas Leibhéal 8 i gCleachtas na



**Pobal Chois Fharraige** léirithe ag Aniar




**Láitheoirí Nuacht Cúla4** léirithe ag Fíbín Media

Meán, faoi stiúir ATU Gaillimh.

D'oibrigh TG4 i gcomhpháirt le Fís Éireann agus Scáileán Thuaisceart Éireann freisin chun scéimeanna Tús agus Céim Eile a chur i gcrích faoina bhféachtar le tallann nua scríbhneoireachta agus stiúrtha sa drámaíocht teilifíse a fhorbairt.

**TG4 ag infheistiú san Oideachas**
Tá TG4 ag díriú ar ábhar tacaíochta a chur ar fáil don oideachas agus ar thacú le foghlaim na Gaeilge. Tá an tOideachas ar cheann de thosaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta do Straitéis na Gaeilge agus tá forbairt ábhar tacaíochta don oideachas Gaeilge mar thosaíocht ag TG4. In 2024, ag obair i gcomhpháirt le heagrais oideachais, rinne Foghlaim TG4 réimse ábhair a chur in oiriúint agus a choimisiúnú lena húsáid mar acmhainní closamhairc sa seomra ranga agus í mar thacaíocht ag múinteoirí, tuismitheoirí agus mic léinn ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim nó a bheith ag foghlaim trí Ghaeilge.

**Luach ar Airgead TG4**
Infheistíonn TG4 oiread agus is féidir den mhaoiniú poiblí a fhaigheann sé in ábhar Gaeilge ar ardchaighdeán. Déantar forchostais a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Chaith

> **Léiríonn na príomhthorthaí go bhfuil 52% anois de na múinteoirí a ndearnadh suirbhéireacht orthu ag úsáid TG4/Cúla4 sa seomra ranga**
>
> **RED C**
> **Research & Marketing**



**Fleadh24** léirithe ag Power Pictures

> **Fleadh24 brings you to the heart of this year's Fleadh Cheoil with four nights of stunning performances and entertainment broadcast live from four stages in the TG4 TV Village located at Crescent Quay in Wexford Town," the Irish language broadcaster has confirmed.**
>
> **The Irish Post**
> *08/08/2024*

TG4 €47.8m — 83% dár maoiniú poiblí — ar ábhar Gaeilge in 2024.

Chruthaigh 95% de chaiteachas TG4 leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách in Éirinn maoin intleachtúil don earnáil.

Léiríonn infheistíocht TG4 san earnáil neamhspleách an luach ar airgead a fhaightear ar chaiteachas TG4 san earnáil chruthaitheach.

Ag baint úsáid as anailís iolraitheora, meastar gurb ionann caiteachas TG4 agus ranníocaíocht nach mór €101m leis an aschur náisiúnta agus gur thacaigh sé le timpeall is 2,140 post coibhéis lánaimseartha (díreach, indíreach agus spreagtha). As sin, chuir caiteachas TG4 sna réigiúin thart ar €88m leis an aschur réigiúnach agus thacaigh sé le 1,951 post coibhéis lánaimseartha (díreach, indíreach agus spreagtha).

# Figiúirí Féachana

**7ú**
Áit sna 10 gcainéal craolta is mó féachana in Éirinn.

**80m**
Amharc ar na Meáin Shóisialta

**68%**
Gaeltacht
Aimsiú seachtainiúil lucht féachana Gaeltachta.

**81%**
Meánaimsiú seachtainiúil — teaghlaigh a bhfuil leanaí faoi 12 bhliain acu do Cúla4.

**45%**
Aimsiú seachtainiúil do lucht féachana Gaeilge 15-35 bliana

**4,895m**
Nóiméad a caitheadh ag féachaint ar ábhar TG4.

**89m**
Nóiméad a caitheadh ag féachaint ar Sheinnteoir TG4.

# Pobal na Gaeilge

**68%**
**Gaeltacht**
Aimsiú seachtainiúil de lucht féachana Gaeltachta trasmeán.

**4.12m**
Amharc ar *Molscéal*.
+ **33%** ar 2023.

**83%**
Sciar den mhaoiniú poiblí ar ábhar Gaeilge.

**85%**
Sciar den phobal a aontaíonn go bhfuil TG4 riachtanach d'inmhianaitheacht agus d'fhéiniúlacht phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge.

**80%**
Sciar den phobal a aontaíonn go gcoinníonn TG4 ar an eolas iad.

**86%**
Sciar den lucht féachana Gaeilge a aithníonn go bhfuil TG4 ag freastal ar phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge.

**86%**
Sciar den phobal a aithníonn go bhfuil TG4 tábhachtach mar sheirbhís a thugann tacaíocht agus ardán don Ghaeilge.

**85%**
Sciar den phobal a aithníonn go bhfuil TG4 tábhachtach mar sheirbhís a thugann tacaíocht agus ardán don chultúr agus do ealaín na Gaeilge.

# Infheistiú san Earnáil Chruthaitheach

**€32.1m**

Caiteachas ar an earnáil léiriúcháin neamhspleách.

**76%**

Sciar den earnáil a aithníonn TG4 mar cheannródaí d'fhorbairt na hearnála léiriúchán.

**71%**

Sciar den mhaoiniú poiblí a caitheadh ar ábhar ón earnáil neamhspleách léiriúcháin.

**95%**

Sciar caite leis an earnáil neamhspleách léirithe a chruthaíonn maoin intleachtúil.

**€35.5m**

Caiteachtas ar earnáil na cruthaitheachta sna réigiúin.

# Oideachas

## 50%

Sciar de mhúinteoirí bunscoile a bhaineann úsáid rialta as ábhar Cúla4/TG4 sa seomra ranga (suirbhé inmheánach TG4 ).

## €245k

Infheistíocht in ábhar oideachais in 2024.

## 489k

Amharc ar shuíomh Foghlaim TG4 — acmhainn foghlama atá dírithe ar an gcuraclam do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna.

# Maoiniú & Caiteachas

**€61.903m**

Maoiniú Reatha & Caipitil 2024 (lena n-áirítear €4.5m i maoiniú forlíontach móide €4.552m Glanioncam Tráchtála).

**€3.03m**[3]

Barrchostais.

**€45.6m**[1]

Caiteachas ar Ábhar.

**€9.728m**[2]

Costais foirne agus Boird.

**€32.1m**[4]

Caiteachas leis an earnáil léirithe neamhspleách.

**€4.92m**

Margaíocht, Taighde agus Craolachán.

[1] Gan €3.8m i gcostais foirne léiriúcháin san áireamh;
[2] €3.8m i gcostais foirne léiriúcháin agus costais foirne caipitlithe €858k san áireamh;
[3] táillí CnM san áireamh; agus
[4] gan cearta spóirt agus ceoil agus caiteachas lasmuigh d'Éirinn.

# Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile


Anna Ní Ghallachair (An Cathaoirleach)


Alan Esslemont (An tArd-Stiúrthóir)


Mairéad Ní Nuadháin


Siobhán Ní Ghadhra


Darach Ó Tuairisg


Seán Ó Domhnaill


Róisín Ní Ráighne


Aedín O'Leary


Seán O Cuirreáin


Sonia Nic Giolla Easbuig


Éamonn Ó hArgáin


Muireann Ní Chíobháin

Bunaíodh Bord Theilifís na Gaeilge i mí Aibreáin 2007 faoi fhoráil an Achta Craolacháin, 2001. Tá an bord comhdhéanta de chathaoirleach agus 11 bhall, an tArd-Stiúrthóir san áireamh i gcáil ex-officio chomh maith le ball atá ionadaíoch ar an bhfoireann. An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin a dhéanann na ceapacháin.

Tháinig an Bord le chéile 7 n-uaire i rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2024.

**Comhaltaí Boird agus an tArd-Stiúrthóir ar an 31 Nollaig 2024:**
Anna Ní Ghallachair
(An Cathaoirleach)
Alan Esslemont
(An tArd-Stiúrthóir)
Mairéad Ní Nuadháin
Siobhán Ní Ghadhra
Darach Ó Tuairisg
Seán Ó Domhnaill
Róisín Ní Ráighne
Aedín O'Leary
Seán Ó Cuirreáin
Sonia Nic Giolla Easbuig
Éamonn Ó hArgáin
Muireann Ní Chíobháin

**Rúnaí Cuideachta agus Oifig Chláraithe**
Nóra-Máire Uí Mhocháin
TG4
Baile na hAbhann
Co. na Gaillimhe

**Rúnaí an Bhoird**
Lís Ní Dhálaigh

**Fochoistí an Bhoird**
Tá chúig fhochoiste ag an mBord, mar seo a leanas:

**An Coiste Iniúchóireachta & Riosca**
Seán Ó Cuirreáin
(An Cathaoirleach)
Mairéad Ní Nuadháin
Anna Ní Ghallachair
Aedín O'Leary
Éamonn Ó hArgáin

I rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2024, tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile 4 huaire agus thuairiscigh siad don Bhord i ndiaidh na gcruinnithe sin. Tuairiscíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh go díreach don Choiste Iniúchóireachta.

**An Coiste Luach Saothair**
Anna Ní Ghallachair
(An Cathaoirleach)
Seán Ó Cuirreáin
Éamonn Ó hArgáin

Tháinig an Coiste Luach Saothair le chéile 2 uair sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2024.

**An Coiste Branda**
Róisín Ní Raighne
(An Cathaoirleach)
Siobhán Ní Ghadhra
Muireann Ní Chíobháin

Tháinig an Coiste Branda le chéile 2 uair sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2024.

**An Coiste Digiteach**
Darach Ó Tuairisg
(An Cathaoirleach)
Seán Ó Domhnaill
Sonia Nic Giolla Easbuig

Tháinig an Coiste Digiteach le chéile uair amháin sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2024.

**An Coiste Nuachta & Cúrsaí Reatha**
Mairéad Ní Nuadháin
(An Cathaoirleach)
Seán Ó Cuirreáin
Seán O'Domhnaill

Tháinig an Coiste Nuachta agus Cúrsaí Reatha le chéile 6 uair sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2024.

**Iniúchóir**
An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste
Oifig an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara
Duga Spencer,
Baile Átha Cliath 1

**Baincéirí**
AIB
Caisleán an Loingsigh
Sráid na Siopaí
Gaillimh



**Anna Ní Ghallachair**
Cathaoirleach TG4

# Tuarascáil an Chathaoirligh

**Is cúis áthais dom, thar ceann Bhord TG4, Tuarascáil Bhliantúil TG4 don bhliain 2024 a chur i láthair. Bliain den scoth a bhí againn, ní hamháin ó thaobh lucht féachana agus rannpháirtíochta leis an lucht féachana de, ach freisin ó thaobh chomh maith agus a d'éirigh le go leor den ábhar agus de na seirbhísí i nGaeilge. Idir scannáin shuntasacha ar nós KNEECAP agus drámaí nuálacha ar nós *CRÁ*, lean TG4 ar aghaidh ag cur leis na caighdeáin mar a bhaineann leis an chraoltóireacht in Éirinn. Táimid bródúil as chomh maith agus atá ag éirí le TG4 i measc an lucht féachana, as an chaoi a dtacaíonn an tseirbhís leis an nGaeilge mar theanga bheo agus go gcuireann sí le luach eacnamaíoch agus sóisialta na Gaeltachta.**

In 2024, d'ardaigh an sciar den lucht féachana náisiúnta teilifíse a bhí ag TG4 go dtí 2.2%, an sciar is airde den lucht féachana ó 2009. Bhí an fás láidir ar lucht féachana TG4 le feiceáil freisin ar fud ár n-ardán digiteach, lena n-áirítear ár mbrandaí meán sóisialta, ar líne, agus Seinnteoir TG4. Measann beagnach naonúr as gach deichniúr daoine fásta in Éirinn go bhfuil TG4 ina sheirbhís thábhachtach chun tacú leis an Ghaeilge agus í a chur chun cinn, agus creideann siad go bhfuil gá le TG4 agus go bhfuil ról soiléir aige sna meáin chumarsáide in Éirinn.



**Naíonra** léirithe ag Tyrone Productions

In 2024, bhíomar ag ceiliúradh go raibh cainéal TG4 do pháistí, Cúla4, bliain ar an aer, agus tá lúcháir orainn gur cuireadh an oiread sin fáilte roimh an chainéal. Bhí sroicheadh foriomlán 68% ag an chainéal in 2024 agus, chomh maith leis sin, d'éirigh linn ardú 18% a chur ar an lucht féachana ar Sheinnteoir Cúla4. Chomh maith leis sin, bhí líon suntasach de lucht féachana á mhealladh ag suíomh gréasáin Cúla4, agus breis agus 1.7 milliún amharc ar an tsuíomh gréasáin agus ba é an meán-am a caitheadh air ná 20 nóiméad in aghaidh an úsáideora. Is léir go bhfuil Cúla4 ina acmhainn thábhachtach ó thaobh cabhrú le páistí agus iad ag plé leis an Ghaeilge, agus tacaíocht a thabhairt do mhúineadh na Gaeilge i suíomhanna foirmiúla. Léiríonn obair thaighde a rinne TG4 ag deireadh 2023 agus in 2024 gur tháinig ardú ar úsáid na meán amhairc sa tseomra ranga, agus múinteoirí ag baint úsáid as acmhainní TG4 agus Cúla4 chun feabhas a chur ar an eispéireas foghlama.

Ar an chaoi chéanna, baineann múinteoirí agus daltaí sna bunscoileanna agus sna meánscoileanna úsáid go rialta as ár n-acmhainní ar Foghlaim TG4 agus táimid bródúil as an obair atá ar siúl ag TG4 ó thaobh tacú le foghlaim na

**"They provide the strongest argument for continuing to pay the licence fee, despite everything. As the last owner of Hughes's described it: "You create a space for stuff to happen. Some nights, nothing happens. Some nights, it's magic." It's the same with TV. It's the rare moments of magic that make it all worthwhile.**

**Eilis O'Hanlon**
***Irish Independent***
*31.12.2024*

Gaeilge trínár n-ábhar oideachais atá bunaithe ar an churaclam, agus trí litearthacht sna meáin agus an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn.

In 2024, chloígh TG4 lena thiomantas láidir do scannáin agus don scannánaíocht i nGaeilge, trí Cine4 agus trí infheistíochtaí eile sa drámaíocht. Cuirtear scéim Cine4 ar fáil i gcomhpháirt le Coimisiún na Meán agus Fís Éireann agus thacaigh sí go dtí seo le hocht scannán Gaeilge a chruthú, agus tá tuilleadh á léiriú agus á bhforbairt. Ní hamháin go raibh an lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta an-sásta leis na scannáin seo, ach d'éirigh thar cionn leo ó thaobh gradaim a bhuachan, ardmholadh a fháil agus margaí dáileacháin idirnáisiúnta a bhaint amach.


In 2024, léiríodh *Fidil Ghorm* agus *Fréwaka* trí scéim Cine4. Léiríodh *Fréwaka* den chéad uair ag Féile Scannán Locarno san Eilvéis i mí Lúnasa 2024 agus beidh sé le feiceáil i bpictiúrlanna na hÉireann in 2025. Déanfar é a dháileadh go hidirnáisiúnta freisin i Meiriceá Thuaidh, sa Ríocht Aontaithe, san Astráil agus sa Nua-Shéalainn. Seoladh *Fidil Ghorm*, scannán do theaghlaigh, ag Fleadh Scannán na Gaillimhe i mí Iúil 2024 agus tá sé ar cheann de na léiriúcháin is mó a sheas amach i scéim Cine4.

D'éirigh thar barr in 2024 le *KNEECAP*, scannán atá cómhaoinithe ag TG4 le hInstitiúid Scannán na Breataine, an Ciste Craoltóireachta Gaeilge (CCG), agus BBC Tuaisceart Éireann, le tacaíocht ó Fís Éireann, Coimisiún na Meán agus Ciste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann. Bhí an lucht féachana agus na léirmheastóirí araon an-tógtha go deo leis. In 2024, bhí *KNEECAP* le feiceáil den chéad uair ag Féile Scannánaíochta Sundance, áit ar bhuaigh sé Gradam an Lucht Féachana — an chéad uair riamh ar bhuaigh scannán lánfhada i nGaeilge duais ag an fhéile. Bhí KNEECAP ar an ghearrliosta freisin le haghaidh dhá ainmniúchán Oscar don Scannán Lánfhada Idirnáisiúnta is Fearr agus don Amhrán Bunaidh is Fearr, agus ainmníodh é i sé chatagóir ag Gradaim Scannánaíochta BAFTA 2025, áit ar bhuaigh sé an chatagóir don Chéad Sárshaothar is Fearr. Chomh maith leis sin fuair sé 17 n-ainmniúchán i nGradaim Acadamh Scannánaíochta agus Teilifíse na hÉireann (IFTA) 2025 agus bhuaigh sé ceithre ghradam don Stiúrthóir, Dearadh Feistis, Eagarthóireacht agus Roghnú Aisteoirí is Fearr.

Táimid thar a bheith bródúil as an mhéid atá bainte amach in achar chomh gearr ag Cine4 agus ag ár n-infheistíochtaí sa drámaíocht i nGaeilge. Léiríonn an rath a bhí orthu go bhfuil scannáin Ghaeilge ag



**Hector Caribbean** léirithe ag New Departures Media




**Ros na Rún** léirithe ag Léiriúchán RnR Teo

dul i bhfeidhm ar an lucht féachana agus go bhfuil siad in ann dul in iomaíocht leis na scannáin is fearr ar domhan. In éineacht leis sin cuidíonn na léiriúcháin drámaíochta ardchaighdeáin seo le hearnáil léiriúcháin scannán Ghaeilge atá faoi bhláth. Táimid ag tnúth le bheith ag obair sa todhchaí lenár gcomhpháirtithe, Coimisiún na Meán agus Fís Éireann, ar léiriúcháin a leanfaidh ar aghaidh ag ceiliúradh scannánaíocht na Gaeilge, agus ag tacú le tallann na hÉireann agus ag tabhairt ardáin dó.

Dráma Gaeilge eile a bhain cáil amach in 2024 ab ea *CRÁ*, léiriúchán de chuid TG4 agus BBC Tuaisceart Éireann, le tacaíocht ó Fís Éireann, Coimisiún na Meán agus Ciste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann. Cuireadh an dúrún dúnmharaithe amach ina iomláine ar Sheinnteoir TG4, tar éis don chéad eipeasóid a bheith craolta, agus bhí sé ar liosta na ndeich bhfíseán-ar-éileamh ba mhó a raibh tóir orthu in 2024. Craoladh *CRÁ* ar BBC One NI chomh maith, cuireadh ar fáil é ar an BBC iPlayer agus is é an chéad dráma Gaeilge é a craoladh ar líonra an BBC. Chomh maith leis sin bhí an clársceidealú cultúir thar barr in 2024 agus cláir againn a dhírigh, i measc rudaí eile, ar na healaíona, ar an cheol agus ar chláir faisnéise.

Thar ceann Bhord TG4, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tallann agus don chruthaitheacht atá ag baint le hearnáil léiriúcháin neamhspleácha na Gaeilge. Tá an earnáil ríthábhachtach do chlársceidealú TG4, agus don chaoi a dtéann muid chomh mór i bhfeidhm ar an lucht féachana. In 2024, leanamar orainn ag obair go dlúth le léiritheoirí neamhspleácha na Gaeilge, agus bhí ról tábhachtach againn ó thaobh infheistíocht a dhéanamh chun go bhfásfadh an geilleagar cruthaitheach i réigiúin na hÉireann.

Tá ról ríthábhachtach ag TG4 freisin sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Spreagann ár n-ábhar agus ár seirbhísí níos mó suime sa Ghaeilge inár lucht féachana, agus cuireann siad le húsáid na Gaeilge go náisiúnta trí normalú na teanga a chur chun cinn sna meáin agus i bpobal na hÉireann.

Maidir leis seo, b'ábhar misnigh do TG4 an taighde a rinneadh le déanaí ar TG4 a thug le fios go bhfuil éileamh ann ar níos mó ábhar i nGaeilge. I mí na Nollag 2024, d'fhoilsigh Coimisiún na Meán na torthaí a d'eascair as Suirbhé ar an Ghaeilge sna Meáin[1] a léiríonn gur mhaith le thart ar 90% díobh siúd atá ina gcónaí sa Ghaeltacht, agus dhá thrian díobh siúd lasmuigh den

> **Conan O'Brien, Irish-American television host, writer, producer, and comedian, has won an Emmy for an episode of his show *Conan O'Brien Must Go*, in which he travels to Ireland and makes an appearance in *Ros na Rún*.**
>
> **Hana May**
> ***HOT PRESS***
> *9/11/2024*

[1] https://www.cnam.ie/survey-results-show-high-demand-for-more-irish-language-content/

> ***CRÁ*: Quality noir thriller puts both Donegal and the Irish language to beautiful use... Whether it's Belfast hip-hop trio KNEECAP rapping as Gaeilge or forthcoming folk-horror film *Fréwaka* (roots) promising to scare the Leanbh Íosa out of us next year, all of a sudden Irish is in vogue.**
>
> *Irish Times*
> *11/11/2024*

Ghaeltacht, níos mó ábhar Gaeilge a fheiceáil ar a scáileáin teilifíse. I bhfianaise an éilimh láidir atá ann cheana féin ar ábhar breise i nGaeilge ar gach ardán meán in Éirinn, tugann an suirbhé seo le fios go gcaithfimid dlús a chur lenár n-iarrachtaí tacaíocht a thabhairt do lucht labhartha na Gaeilge. Tá sé mar aidhm ag straitéis TG4 cur leis an tsoláthar d'ábhar Gaeilge, ábhar a bheidh níos tarraingtí agus níos uathúla fós ar gach ardán.

Tugann ár straitéis tús áite freisin d'fhorbairt agus do rialú eagarthóireachta neamhspleách ár seirbhísí Nuacht TG4. Ar cheann de na moltaí a bhí ag an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán bhí gur chóir go mbeadh smacht eagarthóireachta neamhspleách ag TG4 ar a chuid seirbhísí nuachta. I rith na bliana 2024, bhíomar ag plé le Coimisiún na Meán agus le RTÉ chun an moladh seo a chur i bhfeidhm, agus tá sé fós ina thosaíocht ríthábhachtach do TG4 agus don Bhord.

**An Bhliain Amach Romhainn**

Is bliain thábhachtach í an bhliain 2025 do TG4. Cé gur mór againn tacaíocht an Rialtais chomh maith leis an ardú ar mhaoiniú a fuaireamar le haghaidh 2024 agus 2025, leanfaimid orainn ag déanamh cáis chun maoiniú breise a fháil do TG4.

Táimid ag tnúth le bheith ag obair i rith na bliana le Coimisiún na Meán ar an Athbhreithniú Cúig Bliana ar na Meáin Seirbhíse Poiblí.

Leanfaidh TG4 ar aghaidh in 2025 ag tabhairt tús áite d'imeachtaí a chuirfidh le líon ár lucht féachana, agus chomh maith leis sin, a thabharfaidh luach don Ghaeilge mar theanga bheo. Tuigimid go gcaithfimid tuilleadh a dhéanamh chun cabhrú le húsáid laethúil na Gaeilge a chothú agus a spreagadh, agus chun go mbeidh seirbhísí níos fearr á gcur ar fáil againn don lucht féachana labhartha Gaeilge agus Gaeltachta atá againn.

**Focal Buíochais**

Ar an chéad dul síos, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhchomhaltaí ar an Bhord as a ndúthracht agus a dtiomantas leanúnach do TG4 i rith 2024. Táim ag tnúth le bheith ag obair leo in 2025 agus muid ag pleanáil agus ag leagan amach ár mbealach chun tosaigh.

Thar ceann TG4, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an iarAire Catherine Martin TD as a tiomantas d'obair TG4. Fáiltímid roimh cheapachán an Aire Patrick O'Donovan mar Aire nua Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.




**CRÁ** Léiriúchán de chuid Fíbín Media i gcomhar le Zoogon Ltd NI, atá i gceist le CRÁ. Rinne TG4 agus BBC Thuaisceart Éireann CRÁ a choimisiúnú agus chuidigh Fís Éireann, Coimisiún na Meán agus Ciste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann leis. Ba chabhair an Dreasacht Cánach in Éirinn maidir le Saothar Cruthaitheachta don Scáileán freisin maidir le léiriú CRÁ.



**Inis na nIontas** léirithe ag One Tribe TV

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh freisin leis an Ard-Rúnaí Feargal Ó Coigligh, mar aon lena oifigigh sa Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Is mór againn a dtiomantas do na Meáin Seirbhíse Poiblí Gaeilge.

Ár mbuíochas freisin leis na heagraíochtaí eile a n-oibríonn TG4 leo. Ina measc seo tá Coimisiún na Meán, Fís Éireann, Údarás na Gaeltachta, RTÉ agus an Ciste Craoltóireachta Gaeilge i dTuaisceart Éireann, mar aon le go leor eagraíochtaí Gaeilge, spóirt agus cultúir eile agus earnáil léiriúcháin neamhspleácha na Gaeilge. Táimid buíoch díobh ar fad agus táimid ag tnúth le bheith ag obair leo arís in 2025.

Thar ceann Bhord TG4, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghlacadh le Alan Esslemont, a chuaigh ar scor i mí Aibreáin 2025 tar éis breis agus ocht mbliana go leith a bheith caite aige ina Ard-Stiúrthóir. Tharla athruithe ó bhonn le linn do TG4 a bheith faoi stiúir Alan, agus tá an eagraíocht anois in ann tionchar fuinniúil a imirt ar an chultúr in éiceachóras meán na hÉireann. Agus é ina Ard-Stiúrthóir, sheas Alan ar son na Gaeilge agus ar son na meán Gaeilge ar fad. I measc na n-éachtaí a rinne sé tá bunú Cine4, seoladh an chainéil do pháistí, Cúla4, agus tiomantas d'earnáil léiriúcháin neamhspleách na Gaeilge a neartú ar bhonn leanúnach. Mar aitheantas ar a chuid oibre, bronnadh an Gradam Comaoine ar Alan ag Gradaim RTS na hÉireann 2025, aitheantas a bhfuil ardmheas air agus a dhéanann ceiliúradh ar an ról a bhí aige i múnlú thírdhreach na meán Gaeilge. Ár mbuíochas ó chroí le Alan as an mhéid atá déanta aige ar son shaol, theanga agus chultúr na hÉireann. Guímid gach rath air agus é ar scor.

Thar ceann an Bhoird, cuirim fáilte ó chroí roimh Dheirdre Ní Choistín, atá ceaptha ina hArd-Stiúrthóir nua ar TG4. Tugann Deirdre an-taithí, fuinneamh agus fís chuig a ról nua agus táimid ag amharc chun cinn go muiníneach agus muid ar fad ag cur leis na hiarrachtaí atá ann le blianta beaga anuas chun go mbeidh na meáin Ghaeilge inrochtana agus taitneamhach do lucht féachana leathan, agus chun uaillmhian TG4 maidir le fás agus forbairt a bhaint amach.



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach

19 Meitheamh 2025

> **Éacht de shaghas é do stáisiún i dteanga mhionlaigh réalta amhail O'Hanlon a fháil mar láithreoir don tsraith trí chlár seo a thabharfaidh turas ar oileáin na hÉireann.**
>
> **Breandán M Mac Gearailt**
> ***Tuairisc.ie***
> *12/1/2024*

# Ráiteas an Ard-Stiúrthóra



**Deirdre Ní Choistín**
Ard-Stiúrthóir TG4

**Creideann naonúr as gach deichniúr daoine fásta in Éirinn go bhfuil gá agus ról soiléir ag TG4 i gcraoltóireacht na hÉireann agus aithníonn siad go bhfuil TG4 ag soláthar ábhar agus seirbhísí d'ardchaighdeán.**

Is onóir dom mo chéad Tuarascáil Bhliantúil a chur i láthair ó ceapadh i mo Ard-Stiúrthóir ar TG4 mé i mbliana.

Bliain a bhí múnlaithe ag an gcruthaitheacht, ag an gcomhpháirtíocht agus ag cuspóirí a bhí in 2024 do TG4. Neartaíodh branda TG4 mar sholáthraí meán seirbhíse poiblí trí chláir nuálacha, comhpháirtíochtaí straitéiseacha, agus tiomantas d'ábhar a chuaigh i bhfeidhm ar ár lucht féachana.

Tá tionchar TG4 rí-shoiléir: **Creideann naonúr as gach deichniúr daoine fásta in Éirinn go bhfuil gá agus ról soiléir ag TG4 i gcraoltóireacht na hÉireann agus aithníonn siad go bhfuil TG4 ag soláthar ábhar agus seirbhísí d'ardchaighdeán.**

Ní hamháin go ndearbhaíonn sé sin neart ár mbranda, dearbhaíonn sé freisin an nasc domhain atá ag TG4 lena lucht féachana, lena uaillmhian agus lena thiomantas do chruthaitheacht na Gaeilge agus scéalta atá ábhartha agus tábhachtach do phobal na Gaeilge a chur ar fáil.

Mar Mheáin Seirbhíse Poiblí, tá ról ríthábhachtach againn in éiceachóras meán agus cruthaitheach na hÉireann. Déanaimid coimisiúnú ar fhormáidí nua agus ábhar nua Gaeilge ón earnáil léiriúcháin neamhspleách. Tá lucht féachana náisiúnta aimsithe ag spóirt mhionlaigh atá anois lárnach i saol na hÉireann mar gheall ar TG4. Tá an Ghaeilge i gcroílár gach a dhéanaimid. Tacaímid agus cothaímid pobail Ghaeltachta, an Ghaeilge, ár n-éiteas agus ár bhféiniúlacht.

**Scannáin agus Drámaíocht na Gaeilge**

Thug scannáin TG4 ardán domhanda don Ghaeilge in 2024. Ba í 2024 bliain KNEECAP. Bhí an-tóir go deo ag an bpobal domhanda ar an scannán seo a chómhaoinigh TG4 le hInstitiúid Scannán na Breataine, CCG Scáileán Thuaisceart Éireann, Fís Éireann agus Coimisiún na Meán. Bhí an chéad taispeántas den scannán ar siúl ag Féile Sundance i mí Eanáir áit ar bhuaigh sé Gradam an Lucht Féachana. Taispeánadh é den chéad uair in Éirinn ag Fleadh Scannán na Gaillimhe. Bronnadh go leor gradam ar KNEECAP ar fud an domhain: fuair sé dhá ainmniúchán do Ghradam Oscar don Phríomhscannán Idirnáisiúnta is Fearr agus don Amhrán Bunaidh is Fearr ag deireadh na bliana 2024.

De réir suirbhé a rinne Studyclix,[1] tá grá nua don Ghaeilge cothaithe ag an scannán i measc daoine óga.

Léiríonn scéim Cine4 a fhaigheann tacaíocht ó TG4, Fís Éireann agus Coimisiún na Meán tiomantas TG4 don scannánaíocht Ghaeilge. Tá ocht scannán léirithe faoin scéim go dtí seo. In 2024, eisíodh dhá scannán nua faoin scéim, *Fidil Ghorm* agus *Fréwaka*. Eisíodh *Fidil Ghorm* ag Fleadh Scannán na Gaillimhe agus beidh sé sna pictiúrlanna in Éirinn in 2025. Léirithe ag Bríd Seoighe, stiúrtha ag Anne McCabe, agus scríofa ag Laureate na nÓg Patricia Forde, rinneadh an scannánaíocht do *Fidil Ghorm* ar an láthair i Ráth Maoláin, Co. Dhún na nGall. Bronnadh Gradam an Lucht Féachana ar an scannán ag Féile Scannán Newport Beach sna Stáit Aontaithe agus gradam don Chéad Léiriú

[1]https://www.breakingnews.ie/ireland/kneecap-effect-boosts-irish-language-popularity-but-teaching-methods-are-outdated-1728554.html



**CRÁ** léirithe ag Fíbín Media

Scannáin is Fearr ag Fleadh Scannán na Gaillimhe.

Bhí an chéad taispeántas de *Fréwaka* ag Féile Scannán Locarno san Eilvéis i mí Lúnasa agus léiríodh an chéad taispeántas in Éirinn i mBéal Feirste ar oíche Shamhna. Bronnadh Gradam an Lucht Féachana ar an scannán ag Féile Uafáis agus Fantaisíochta Haapsalu, an Gradam don Cheol Bunaidh is Fearr ag Gradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann 2025 agus ag Sitges — Féile Scannán Idirnáisiúnta na Catalóine. Fuair sé trí ainmniúchán freisin don Chineamatagrafaíocht is Fearr (IFTA 2025), don Phríomhscannán Éireannach is Fearr (Féile Idirnáisiúnta Scannán Chorcaí), agus don Scannán is Fearr (Sitges — Féile Scannán Idirnáisiúnta na Catalóine).

Rinneadh forbairt ar dhá scannán eile Cine4 in 2024. Léiríodh *Báite* le Danú Media in 2024 agus beidh a chéad taispeántas aige i samhradh 2025. Cuirfear tús le léiriú *Sonc* le Tua Media in 2025.

D'éirigh go hiontach le drámaíocht teilifíse TG4 in 2024 chomh maith.

Craoladh an tsraith choiriúlachta dhrámaíochta *CRÁ* le Dónall Ó Héalai sa phríomhpháirt mar an Garda Conall Ó Súilleabháin ar TG4 i mí na Samhna 2024. Bhí an tsraith ar fad le fáil ag an am ceánna ar Sheinnteoir TG4. Rinneadh taifeadadh ar an tsraith i nGaeltacht Ghaoth Dobhair i nDún na nGall agus is iad Fíbín Media agus Zoogon Ltd. do TG4 agus BBC TÉ a léirigh í le tacaíocht ó Fhís Éireann, Coimisiún na Meán, Ciste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann, Gréasán na Meán Skillnet agus na dáileoirí About Premium Content (APC). Bhí an-tóir ar an tsraith ar Sheinnteoir TG4 agus bhí sé ar an liosta is mó féachana (VoD) do 2024. Craoladh *CRÁ* ar BBC One NI freisin agus eisíodh é ar an BBC iPlayer an mhí chéanna. D'éirigh go han-mhaith leis an tsraith ar an BBC iPlayer. Tar éis rath *CRÁ* ar an BBC, craoladh é ar BBC4 i mí Eanáir 2025, an chéad sraith dhrámaíochta Gaeilge a craoladh riamh ar líonra an BBC.

Ba é *An Cailín Ciúin*, an scannán Gaeilge ó scéim Cine4 a ainmníodh do ghradam Oscar, buaicphointe shéasúr na Nollag ar TG4.

> **Tar éis an chéad chlár CRÁ, fuair mé mé féin ag brú an chnaipe 'Seinn ceann eile'**
>
> **Aedín O'Tiarnaigh**
> ***Seachtain***
> *20.11.2024*




**Rugbaí Beo** léirithe ag Iris Productions

> **Whether you're passionate about sports and culture or simply looking for heart-warming stories, TG4 has something for everyone.**
>
> **Irish Independent**
> ***Rachael Victoria***
> *09/09/24*

**Lucht Féachana Óg**
Rinne Cúla4 ceiliúradh ar a chéad bhliain ar an bhfód in 2024 agus táimid thar a bheith sásta faoin tóir atá ar an gcainéal go dtí seo. Craoladh an chéad sraith anime Ghaeilge *Lí Ban* léirithe ag Paper Owl Films ar Cúla4 in 2024.

Ag teacht lenár dtosaíochtaí straitéiseacha, rinne TG4 coimisiúnú ar ábhar Gaeilge do dhaoine idir 15-34 bliana d'aois in 2024. Tá sé mar aidhm againn cur leis an ábhar a chuirtear ar fáil don lucht féachana níos óige seo ar an teilifís líneach agus ar ardáin ar líne. I measc na sraitheanna nua in 2024 bhí *Síorstíl*, bunaithe ar an bhfaisean inbhuanaithe, sraith siamsaíochta taistil *Téacs Taistil* á cur i láthair ag Louise Cantillon, Séaghan Ó Súilleabháin agus Proinsias Ó Coinn. Ar líne, bhí go leor sraitheanna nua againn do dhaoine faoi 35, lena n-áirítear *Poitín*, *Goitse*, *I mo thuairim*, *Roxanna*, *Tuairimí Taistil* agus sraith Podchraolta, *Gafa* le hábhar tacaíochta eile ar BLOC.

**Spórt ar TG4**
Lean nuálaíocht TG4 ar aghaidh sa chlúdach spóirt a bhí againn in 2024. Bhí ábhar spóirt TG4 níos láidre agus níos fearr ná riamh in 2024 agus lean an clúdach ar *GAA Beo*, *Peil na mBan Beo* agus *Rugbaí Beo* ag mealladh agus ag tarraingt lucht féachana mór. Tharraing Cluiche Ceannais Peile na gClubanna AIB lucht féachana 263,600 duine, rud a chiallaíonn gurbh é an clár is mó a tharraing lucht féachana ar TG4 in 2024. Mheall Cluiche Ceannais Shraith Peile Allianz 230,900 lucht féachana ar an meán, agus bhí Gaillimh v Ciarraí i gCluiche Ceannais Pheil na mBan i measc na 10 gcraoladh is airde féachana ar TG4.

Lean TG4 lena thacaíocht do Pheil na mBan trí chur le líon na gcluichí a taispeánadh ó Chraobh Pheil na mBan TG4 i rith an tsamhraidh 2024 agus trí *LGFA@50*, clár faisnéise uair an chloig faoi chaoga bliain de Pheil na mBan Beo, a chraoladh.

Mheall clúdach *Rugbaí Beo ar* chomórtas na craoibhe aontaithe rugbaí lucht féachana mór freisin. Den chéad uair riamh, chraol TG4 comórtas Celtic Challenge Rugbaí na mBan in 2024, an chéad chomórtas trasteorann baile do mhná, Éire, an Bhreatain Bheag agus Albain.

**Toghcháin in 2024**
Ceann de na himeachtaí ba thábhachtaí in Éirinn in 2024 ab ea an tOlltoghchán. Bliain ghnóthach a bhí ann mar go raibh na toghcháin áitiúla agus Eorpacha ar siúl i mí an Mheithimh agus an tOlltoghchán i mí na Samhna. Choimisiúnaigh TG4 ceithre phobalbhreith dáilcheantair eisiacha ó Ipsos B&A do chlúdach réamhthoghcháin Nuacht TG4 agus bhí TG4 ina chomhpháirtí comhionann i bpobalbhreith iarvótála a coimisiúnaíodh le The Irish Times, RTÉ, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ó Ipsos B&A chomh maith.

Bhí ról láidir agus infheicthe ag TG4 i gclúdach toghcháin na hÉireann in 2024. Rinne TG4 i gcomhpháirt le RTÉ comhléiriú ar *Vóta 2024* — clár cuimsitheach beo inar cuireadh torthaí toghcháin, anailís stiúideo le saineolaithe agus eolas cothrom le dáta ó dháilcheantair na tíre ar fáil ar bhalla grafaicí nuálach a bhí deartha ag foireann TG4.

Léirigh *Vóta 2024* an comhoibriú trasfheidhmiúil, tras-eagraíochta — ag cur na hiriseoireachta seirbhíse poiblí ar theilifís líneach, na meáin shóisialta, agus ardáin dhigiteacha ar fáil.

Lean TG4 de bheith ag plé le Coimisiún na Meán agus RTÉ faoi chur i bhfeidhm Mholadh 7.1 Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán inar moladh go mbeadh smacht neamhspleách eagarthóireachta ag TG4 ar a chuid seirbhísí nuachta. Faoi mholadh 7.2 sa tuarascáil chéanna moladh gur chóir do Choimisiún na Meán athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí agus ábhar Ghaeilge ar fud chóras na meán inar leagfar béim ar struchtúir institiúideacha agus deiseanna maidir le nuálaíocht agus comhoibriú. Táimid ag tnúth le toradh na hoibre sin agus na moltaí a thiocfaidh as in 2025.

**Teicneolaíocht, Nuálaíocht agus Inrochtaineacht**
Ó bunaíodh TG4, táimid chun cinn i gcónaí sa nuálaíocht teicneolaíochta.

In 2024, lean foireann teicneolaíochta TG4 leis an nuálaíocht sin trí theicneolaíochtaí nua urlabhra go téacs a fhorbairt ag cur le hinrochtaineacht, eispéireas an lucht féachana, agus dul chun cinn láithreacht dhigiteach na Gaeilge.

In 2024, bhronn an Coimisiún Eorpach maoiniú ar TG4, a bhí ar cheann de 70 comhpháirtí sa chuibhreannas ALT-EDIC, chun samhlacha móra teanga (LLManna) a fhorbairt agus a mheas, rud atá ag teacht le haidhmeanna an Phlean Dhigitigh don Ghaeilge.

Tá TG4 ina chomhpháirtí i dtionscadal eile, Transmixr, atá maoinithe ag an Aontas Eorpach. Tá inrochtaineacht i gcroílár an tionscadail seo atá á fhorbairt le bheith ina réiteach fíorúil don léiriú nuachta a chuideoidh le pobail atá scaipthe agus le grúpaí níos lú ábhar nuachta a léiriú. Cuirfear an tionscadal seo i gcrích in 2025.

Chomh maith leis sin, chomhoibrigh TG4 le hÚdarás na Gaeltachta ar a thionscnamh nuálach ardintleachta don Ghaeilge.

**Focal Buíochais**
Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le Alan Esslemont as a fhís agus as a uaillmhian do TG4 ó 2016 i leith agus guím gach rath agus sonas air agus é anois ar scor.

Táimid ag tnúth le bheith ag obair leis an Aire Patrick O'Donovan agus leis an Ard-Rúnaí Feargal Ó Coigligh

> **Tá scéal Nadia eisceachtúil óir go bhfuil Gaeilge aici agus is minic í le clos ar na meáin Ghaeilge ag seasamh an fhóid don Úcráin. Tugann an clár faisnéise tochtmhar *Idir Dhá Bhaile: Ó Chív go Corcaigh* cuntas ar an láthair ar shaol Nadia is a muintir le cúpla bliain ó anuas.**
>
> **Breandán M Mac Gearailt**
> ***Tuairisc.ie***
> *30/09/2024*



**Vóta 2024** léirithe ag TG4 agus RTÉ



**Scríofa sna Réaltaí** léirithe ag Sin É Films

> **The partnership with TG4 in 2001 is a huge milestone for the LGFA and this follows on the back of the first televised final in 1998.**
>
> **Hayley Kilgallon**
> ***Author of Unladylike: A History of Ladies Gaelic Football***
> *2024*

agus lena oifigigh sa Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt

Ba mhaith liom buíochas ó chroí thar ceann TG4 a ghabháil le Anna Ní Ghallachair, Cathaoirleach Bhord TG4, agus leis an mBord as a dtacaíocht agus a seirbhís leanúnach do TG4. Táim ag tnúth le bheith ag obair libh sna blianta amach romhainn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Ball Foirne an Bhoird Seán Ó Domhnaill ar tháinig deireadh lena théarma cúig bliana ar an mBord in 2025. Bhí a rannpháirtíocht thar a bheith luachmhar thar na blianta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách a chuireann ábhar cruthaitheach ar ardchaighdeán ar fáil do TG4 bliain i ndiaidh bliana, agus táim ag tnúth le caidreamh láidir a chothú leo le linn mo thréimhse i m'Ard-Stiúrthóir.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na heagraíochtaí ar fad a oibríonn agus a thacaíonn le TG4, lena n-áirítear Coimisiún na Meán, Fís Éireann, Ciste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann, Údarás na Gaeltachta, RTÉ, Peil na mBan, CLG agus an tOireachtas. Táimid an-bhuíoch freisin do na comhlachtaí eile ealaíon, cultúir, spóirt agus teanga-bhunaithe a mbímid ag obair leo. Aithním an luach ollmhór a chuireann siad le seirbhísí TG4 dár lucht féachana.

Agus mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann TG4 agus lenár lucht féachana.

Ní neart go cur le chéile.

Deirdre Ní Choistín

Deirdre Ní Choistín
**Ard-Stiúrthóir TG4**

19 Meitheamh 2025

# Ráiteas faoi Chúrsaí Rialachais & Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

**Cúrsaí Rialachais**
Cuireadh Bord TG4 ar bun faoin Acht Craolacháin 2001. Leagtar feidhmeanna an Bhoird amach in alt 87 den Acht Craolacháin 2009. Tugann an Bord cuntas don Aire Tuarasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Táthar freagrach as an dea-rialachas a chinntiú agus déantar sin trí aidhmeanna agus spriocanna straitéise a leagan síos agus cinntí straitéise maidir leis na príomhcheisteanna gnó ar fad a dhéanamh. Is ar an Ard-Stiúrthóir agus ar an meitheal shinsearach bainistíochta a leagtar an fhreagracht as an ngnáthbhainistíocht ó lá go lá agus as TG4 a rialú agus a stiúradh. Ní mór don Ard-Stiúrthóir agus don mheitheal shinsearach bainistíochta an stiúir straitéise ghinearálta arna leagan amach ag an mBord a leanúint agus a chinntiú go mbíonn tuiscint léir ghlan ag gach comhalta den Bhord ar na bearta agus ar na cinntí príomhthábhachtacha ar fad a bhaineann leis an eintiteas agus ar ábhar suntasach baoil a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Feidhmíonn an tArd-Stiúrthóir mar cheangal díreach caidrimh idir an Bord agus lucht bainistíochta TG4. Tá comhaontú formhaoirseachta bhliantúil i bhfeidhm idir Teilifís na Gaeilge agus an Roinn Turasóireachta, Cultúr, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

**Freagrachtaí an Bhoird**
Leagtar obair agus freagracht an Bhoird amach i dtéarmaí tagartha an Bhoird ina luaitear chomh maith na nithe sin ar leis an mBord amháin cinneadh a dhéanamh ina leith. Ar na réimsí oibre a bhíonn ar chlár oibre an Bhoird lena meas go rialta, áirítear:

- dearbhuithe maidir le leas,
- tuairiscí ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí ar chúrsaí feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeádta.

Tá ceangailte ar Bhord TG4 faoi Alt 109 den Acht Craolacháin 2009 cuntas cuí cothrom a choinneáil, i bhfoirm a aontaíonn an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Méan, ar an airgead ar fad a fhaightear agus a chaitear.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar Bhord TG4:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta comhleanúnach
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnótha leantaigh ach amháin sa chás nach mbeadh sé ciallmhar a cheapadh go leanfadh an Bord ag feidhmiú
- a lua cibé an ndearnadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a leanúint, faoi réir ag aon athrú ábhartha óna dhéanamh sin

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád ónar léir, go réasúnta cruinn ag aon tráth ar bith, staid airgeadais an ghnóthais agus lenar féidir a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais mar atá dlite faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009. Is ar an mBord a leagtar an fhreagracht maidir le heolas corparáide agus faisnéis airgeadais a chur ar fáil ar láithreán gréasáin TG4 agus maidir le hiomláine an ábhair sin.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a aontú. Rinneadh athbhreithniú maidir le feidhmíocht TG4 i gcomórtas leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad ar an 28 Aibreán 2025.

Tá an Bord freagrach freisin as na sócmhainní a choimirciú agus dá réir sin as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois nó mírialtacht eile a sheachaint agus a thabhairt chun aire.

Is é tuairim an Bhoird go bhfuil léargas cruinn cothrom ó ráitis airgeadais TG4 ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais TG4 amhail an 31 Nollaig 2024.

**Struchtúr an Bhoird**
Cathaoirleach, an tArd-Stiúrthóir (mar chomhalta de bhrí oifige) agus 10 ghnáthchomhalta atá ar an mBord, iad ar fad arna gceapadh ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Rinneadh gach ceapachán nua chuig an mBord a cheapadh ar feadh tréimhse ceithre bliana, agus ceapadh gach comhalta athcheaptha ar feadh trí bliana breise. Tagann an Bord le chéile ar bhonn rialta.

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí 7 gcomhalta baineann (58%) agus 5 chomhalta fireann (42%) ar an mBord. De bhrí sin, comhlíonann an Bord an sprioc atá leagtha amach ag an Rialtais go mbeadh ar a laghad 40% de gach inscne i mBallraíocht na mBord Stáit.

Leagtar amach sa tábla thíos mioneolas faoi thréimhsí ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

| *Comhalta Boird* | *Ról* | *Dáta arna Cheapadh* |
|---|---|---|
| Alan Esslemont (Ard-Stiúrthóir) | CEO | 14/10/2016 |
| Anna Ní Ghallachair | Cathaoirleach | 29/11/2022 |
| Mairéad Ní Nuadháin | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 29/11/2022 |
| Siobhán Ní Ghadhra | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 29/11/2022 |
| Darach Ó Tuairisg | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 29/11/2022 |
| Seán Ó Domhnaill | Gnáthchomhalta | 08/05/2020 |
| Róisín Ní Ráighne | Gnáthchomhalta | 29/11/2022 |
| Aedín O'Leary | Gnáthchomhalta | 29/11/2022 |
| Seán Ó Cuirreáin | Gnáthchomhalta | 29/11/2022 |
| Sonia Nic Giolla Easbuig | Gnáthchomhalta | 07/02/2023 |
| Muireann Ní Chiobháin | Gnáthchomhalta | 20/03/2024 |
| Éamonn Ó hArgáin | Gnáthchomhalta | 20/03/2024 |
| Rinne an Bord Athbhreithniú agus Measúnóireacht ar Éifeachtúlacht an Bhoird i mí na Samhna/mí na Nollag 2024. | | |

**Sceideal maidir le cúrsaí Tinrimh, Táillí agus Costais**
Leagtar amach sceideal thíos maidir le cúrsaí tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus Choistí an Bhoird i rith na bliana 2024 chomh maith leis na táillí agus na costais a fuair gach comhalta.

| | Bord | Coiste Iniúchóireachta & Riosca | Coiste Luach Saothair | Coiste Branda | Coiste Digiteach | Coiste Nuachta agus CR | Táillí 2024 € | Costais 2024 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *Líon na gCruinnithe* | 7 | 4 | 2 | 2 | 1 | 6 | | |
| Alan Esslemont | 7 | – | – | – | – | – | – | – |
| Anna Ní Ghallachair (Cathaoirleach) | 7 | 4 | 2 | – | – | – | 21,600 | 7,914 |
| Mairéad Ní Nuadháin | 6 | 4 | – | – | – | 6 | 12,600 | 4,313 |
| Siobhán Ní Ghadhra | 5 | – | – | 2 | – | – | 12,600 | – |
| Darach Ó Tuairisg | 7 | – | – | – | 1 | – | 12,600 | – |
| Seán Ó Domhnaill | 7 | – | – | – | 1 | 6 | 12,600 | – |
| Róisín Ní Ráighne | 7 | – | – | 2 | – | – | 12,600 | 1,651 |
| Aedín O'Leary | 7 | 4 | – | – | – | – | 12,600 | 653 |
| Seán Ó Cuirreáin | 6 | 4 | 2 | – | – | 6 | 12,600 | – |
| Sonia Nic Giolla Easbuig (ceapaithe 07/02/2023) | 7 | – | – | – | 1 | – | 12,600 | 6,628 |
| Muireann Ní Chíobháin (ceapaithe 20/3/2024) | 6 | – | – | 2 | – | – | 9,838 | 2,702 |
| Éamonn Ó hArgáin (ceapaithe 20/3/2024) | 6 | 4 | 2 | – | – | – | 9,838 | 6,301 |
| Costais ilearraí | | | | | | | | 20,060 |
| Lís Ní Dhálaigh (Rúnaí an Bhoird) | | | | | | | | |
| | | | | | | | 142,076 | 50,222 |

Baineann na costais seo le freastal ar chruinnithe Bord, fochoistí agus cruinnithe agus imeachtaí eile ina róil mar Chomhaltaí ar Bhord TG4.

Tá chúig choiste curtha ar bun ag an mBord mar seo a leanas:

1. **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** Cúigear comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo chomh maith le ball seachtrach don Choiste. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca cúnamh a thabhairt i ndáil leis na cúraimí a leagtar ar an mBord maidir le hábhar riosca, cúrsaí rialála agus rialachais agus dearbhú ina leith sin. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Déanann an Coiste, go háirithe, a chinntiú go mbíonn monatóireacht á déanamh go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialála inmheánacha, na bearta iniúchóireachta san áireamh. Tugann an Coiste tuairisc don Bhord ar gach cruinniú de chuid an Choiste chomh maith le tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid i scríbhinn. Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Seán Ó Cuirreáin (Cathaoirleach), Mairéad Ní Nuadháin, Anna Ní Ghallachair, Aedín O'Leary agus Éamonn Ó hArgáin. Is í Róise Ní Bhaoill comhairleoir seachtrach an Choiste. Tionóladh 4 chruinniú den Choiste i rith na bliana 2024.

2. **An Coiste Luach Saothair:** Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Anna Ní Ghallachair (Cathaoirleach), Seán Ó Cuirreáin agus Éamonn Ó hArgáin. Bhí dhá chruinniú den choiste Luach Saothair ann in 2024.

3. **An Coiste Branda:** Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Róisín Ní Ráighne (Cathaoirleach), Siobhán Ní Ghadhra agus Muireann Ní Chíobháin. Tionóladh 2 chruinniú den Choiste i rith na bliana 2024.

4. **An Coiste Digiteach:** Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Darach Ó Tuairisg (Cathaoirleach), Seán Ó Domhnaill agus Sonia Nic Giolla Easbuig. Tionóladh cruinniú amháin den Choiste i rith na bliana 2024.

5. **An Coiste Nuachta & Cúrsaí Reatha:** Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Mairéad Ní Nuadháin (Cathaoirleach), Seán Ó Cuirreáin agus Seán Ó Domhnaill. Tionóladh 6 chruinniú den Choiste seo in 2024.

**Sceideal maidir le cúrsaí Tinrimh, Táillí agus Costais**
Leagtar amach sceideal thíos maidir le cúrsaí tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus Choistí an Bhoird i rith na bliana 2024 chomh maith leis na táillí agus na costais a fuair gach comhalta.

Baineann na costais seo le freastal ar chruinnithe Bord, fochoistí agus cruinnithe agus imeachtaí eile ina róil mar Chomhaltaí ar Bhord TG4.

**Na Príomhathruithe Pearsanra**
Ceapadh beirt chomhaltaí Boird nua i mí Márta 2024. Ní dearnadh aon athruithe ar an mbainistíocht shinsearach in 2024.

**Nochtadh atá dlite faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**
Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcloíonn TG4 lena n-éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an

Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear nochtadh mar seo a leanas a dhéanamh faoin gCód sin:

***Sochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe***
Tá sochair ghearrthéarmacha fostaithe leagtha amach i nóta 4 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

***Costas Comhairleoireachta***
Áirítear le costas comhairleoireachta an costas a ghabhann le comhairle sheachtrach ar an lucht bainistíochta agus ní thugtar feidhmeanna ghnáth-dhéanamh an ghnó san áireamh.

***Caiteachas Fáilteachas***
Luaitear caiteachas fáilteachas mar seo a leanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas foirne | 13,041 | 70,534 |
| Fáilteachas cliaint | 5,734 | 3,584 |
| **Iomlán** | **18,775** | **74,118** |

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 12,939 | 24,164 |
| Comhairle airgeadais | 99,250 | 12,903 |
| Gnóthaí margaíochta | 144,856 | 182,254 |
| Acmhainní Daonna/Pinsin | 19,521 | 29,735 |
| Forbairt gnó | 51,932 | 45,556 |
| Eile | 13,794 | 25,535 |
| **Iomlán an chostais comhairleoireachta** | **342,292** | **320,147** |
| | | |
| Costas comhairleoireachta arna chaipitliú | — | — |
| Costas comhairleoireachta a luaitear de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí | | |
| Ioncaim Coinnithe | 342,292 | 320,147 |
| **Iomlán** | **342,292** | **320,147** |

***Caiteachas ar Thaisteal agus ar Chothabháil:***
Déantar an caiteachas ar thaisteal agus ar chothabháil a rangú mar seo a leanas:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| In Éirinn: An Bord | 28,941 | 24,458 |
| – An Fhoireann | 121,687 | 134,689 |
| Thar lear: An Bord | 1,221 | — |
| – An Fhoireann | 105,847 | 78,376 |
| **Iomlán** | **257,696** | **237,523** |

**Ráiteas faoi chúrsaí Comhlíontais**
Chomhlíon TG4 na coinníollacha uile maidir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016.

Tá TG4 ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach
Bord TG4

19 Meitheamh 2025

# Athbhreithniú Airgeadais

**Athbhreithnithe Ioncaim agus Caiteachais**
Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar fheidhmíocht ioncaim agus caiteachais TG4 in 2024 i dtéarmaí a príomhfhoinsí agus úsáid ioncaim, príomhspreagthóirí costais an chainéil, agus a fócas foriomlán ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead. Déantar comparáid freisin san athbhreithniú idir feidhmíocht TG4 in 2024 agus in 2023 faoi na ceithre cheannteideal seo a leanas:

1. Ioncam
2. Caiteachas Oibriúcháin
3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht sa bhliain 2024
4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge sa bhliain 2024

**1. Ioncam**
Mar is léir ó **Thábla 1** thíos, b'ionann an t-ioncam iomlán (maoiniú státchiste agus ioncam tráchtála) in 2024 agus €67.47m (2023: €61.73m). I gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, tháinig ardú 9.3% ar ioncam TG4. B'ionann maoiniú státchiste (le deontas €100k NDNA san áireamh) agus €61.63m (2023: €56.33m) (tá €4.5m ioncam forlíontach i 2024 san áireamh anseo agus €4m ioncam forlíontach i 2023) den ioncam sin agus b'ionann é agus 91.4% (2023: 91.3%) d'ioncam iomlán TG4, leis an ioncam tráchtála ag léiriú 8.6% in 2024 ag €5.8m (2023: €5.4m). Fuair TG4 €270k ón Roinn freisin le haghaidh Cruinniú na nÓg 2024.

Mhéadaigh an t-ioncam tráchtála 8.04%. Is feidhmíocht fhónta é sin i mbliain a bhí an-iomaíoch ó thaobh an margadh fógraíochta agus fógraíochta teilifíse in Éirinn.

Tábla 1: **Ioncam TG4 2024**

| | 2024 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|
| **Cur síos** | **€000's** | **%** | **€000's** | **%** |
| Deontas i gCabhair (Reatha) | 53,933 | 79.9% | 48,033 | 77.8% |
| Deontas i gCabhair (Caipitil) | 7,600 | 11.3% | 8,200 | 13.3% |
| Maoiniú NDNA | 100 | 0.2% | 100 | 0.2% |
| Tráchtáil (Fógraíocht agus Urraíocht) | 4,189 | 6.2% | 3,880 | 6.3% |
| Tráchtáil Eile | 1,644 | 2.4% | 1,519 | 2.4% |
| **Teacht Isteach Iomlán** | **67,466** | **100%** | **61,732** | **100%** |

**2. Caiteachas Oibriúcháin**
I dtéarmaí an chaiteachais oibriúcháin bhliantúil, leag TG4 béim leanúnach ar shamhail oibriúcháin atá chomh héifeachtúil agus is féidir agus ar bhainistíocht costas chun luach ar airgead a chinntiú i ngach gníomhaíocht. B'ionann an caiteachas oibriúcháin iomlán agus €64.12m in 2024, ardú 10.25% ar an €58.16m a caitheadh in 2023. Féach **Tábla 2** thíos.

Tábla 2:
**Caiteachas Oibriúcháin TG4 2024 i gcomparáid le 2023**

| **Cur síos** | **€'000's** | | **% Athrú** |
|---|---|---|---|
| | **2024** | **2023** | **2024 Vs 2023** |
| Costas na nDíolachán | 1,290 | 1,263 | 2.1% |
| Costais Foirne | 8,678 | 8,273 | 4.9% |
| Caiteachas Clár | 46,207 | 41,324 | 11.8% |
| Caiteachas Eile (Forchostais, Tarchur & costais Mhargaíochta san áireamh) | 7,946 | 7,297 | 8.9% |
| **Caiteachas Oibriúcháin Iomlán** | **64,121** | **58,157** | **10.25%** |

**3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht**
Lean TG4 ag feidhmiú go héifeachtúil, go héifeachtach ó thaobh costas de agus go stuama in 2024. Baineadh coigilteas amach i réimse leathan ionaid costas agus baineadh tuilleadh leasa as acmhainní inmheánacha chun ábhar a chur ar fáil ar rátaí i bhfad níos éifeachtaí ó thaobh costas de..

**4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2024**
Mar a léirítear ina gealltanais don bhliain, bhí TG4 tiomanta 80% ar a laghad dá mhaoiniú reatha Státchiste a chaitheamh ar ábhar Gaeilge a léiriú. Mar a léirítear i dTábla 3 thíos, 82% den mhaoiniú Státchiste ab ea an caiteachas iarbhír. Caitheadh an 18% eile den mhaoiniú Státchiste in 2024 ar tharchur, craoladh agus cur chun cinn an sceidil agus ar fhorchostais ghinearálta.

Tábla 3: **Caiteachas ar Ábhar Gaeilge**

| | 2024 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|
| **Cur síos** | **€000's** | **%** | **€000's** | **%** |
| Maoiniú Reatha Státchiste (fuarthas in 2024)[1] | 57,775 | 100% | 54,233 | 100% |
| Cláir Ghaeilge a ceannaíodh:[2] | | | | |
| Coimisiúnaithe | 38,421 | 67% | 36,395 | 67% |
| Faighte/dubáilte/fotheidealaithe | 5,004 | 9% | 4,489 | 8% |
| Costais na foirne léiriúcháin (tuarastail san áireamh) | 3,801 | 7% | 3,697 | 7% |
| **Costais Iomlána Léiriúcháin Ábhar Gaeilge** | **47,226** | **82%** | **44,581** | **82%** |

[1] Áirítear leis seo €5.89m de mhaoiniú caipitil a úsáideadh do chláracha (€6.2m sa bhliain 2023). (san áireamh anseo tá €2.74m maoiniú caipitil forlíontach le h-úsáid do chláracha).
[2] Is é seo an caiteachas iarbhír a tabhaíodh ar na costais seo i 2024..

# Ráitis Airgeadais
## Clár

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird ............ 48

Ráiteas um Rialú Inmheánach ............ 49

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais ............ 51

Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ............ 53

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais ............ 54

Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ............ 55

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ............ 56

# Raiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024**
Leis an Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, ar ráitis iad ina dtugtar léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí Theilifís na Gaeilge agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain lena mbaineann.

Le linn na ráitis sin a ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh
- Nochtadh a dhéanamh, agus míniú a thabhairt, i leith aon uaire nach ndéantar de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Teilifís na Gaeilge de bheith ar marthain.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn, aon tráth áirithe, staid airgeadais Theilifís na Gaeilge agus trína gcumasaítear don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha an Achta agus na Prionsabail Chuntasaíochta a nGlactar leo i gcoitinne Éirinn.

Ina theannta sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní Theilifís na Gaeilge a choimirciú agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Coimeádtar leabhair chuntais an Bhoird in Oifigí Theilifís na Gaeilge, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach

19 Meitheamh 2025

# Ráiteas um Rialú Inmheánach

***Scóp Freagrachtaí***
Admhaím, thar ceann TG4, freagracht an Bhoird as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtúil maidir leis an rialáil inmheánach ar bun agus á chur i bhfeidhm. Tagann san áireamh leis an bhfreagracht sin gach a n-éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

***An Cuspóir atá leis an gCóras Rialála Inmheánach***
Tá leagtha amach go ndéanfaí bainistíocht i ndáil le hábhar baoil leis an gcóras rialála inmheánach a d'fhágfadh an baol ar leibhéal inseasta seachas a bheith in ann a chur ar neamhní ar fad. Is deimhniú réasúnach dá bhrí sin, seachas deimhniú iomlán, is féidir a thabhairt leis an gcóras go ndéantar na sócmhainní a chaomhnú, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus tuairisc chuí a choimeád orthu agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó a thabhairt chun aire go tráthúil.

Bhí an córas rialála inmheánach, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, ar bun ag TG4 i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus anall go dtí an dáta ar aontaíodh na ráitis airgeadais.

***Ábaltacht Riosca a láimhseáil***
Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag TG4 a bhfuil cúigear de chomhaltaí an Bhoird, agus comhairleoir seachtrach den Choiste, a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí airgeadais agus iniúchóireachta. Tá duine den cúigear ina Chathaoirleach. Bhí ceithre cinn de chruinnithe ag an gCoiste sin i rith na bliana 2024.

Tá feidhm maidir le hiniúchóireacht inmheánach curtha ar bun freisin ag TG4 agus acmhainní leordhóthanacha á gcur ina leith ionas go ndéantar clár oibre a aontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá polasaí maidir leis an mbainistíocht ar ábhar baoil curtha le chéile ag an gCoiste ina leagtar amach an oiread baoil a bhfuiltear sásta dul ann, na próisis bainistíochta maidir le réimsí baoil atá curtha ar bun agus mioneolas faoin ról atá le baill éagsúla foirne maidir le hábhar baoil agus an fhreagracht atá orthu ina leith. Cuireadh an polasaí sin ar fáil don uile dhuine den fhoireann a n-éilítear orthu oibriú de réir pholasaithe bainistíochta TG4 i ndáil le hábhar baoil d'fhonn an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall faoi réimsí baoil a bheadh ag teacht chun cinn agus faoi aon easnamh maidir le bearta rialála agus ionas go nglacfaidís cúram maidir leis an ábhar baoil agus na bearta rialála a bhaineann lena réimse oibre féin.

***Creatlach Riosca agus Rialaithe***
Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag TG4 lena dtugtar chun aire na príomhréimsí baoil ionas go dtugtar tuairisc orthu sin agus ar na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun teacht rompu agus, a oiread agus is féidir, an baol a mhaolú.

Tá clár réimsí baoil curtha ar bun ar a sonraítear na príomhréimsí baoil atá roimh TG4 agus déantar iad a shonrú, a mheas agus a rangú de réir a thormchúisí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca breithniú agus leasú bliantúil ar an gclár. Baintear úsáid as toradh na measúnóireachta sin ar mhaithe le pleanáil agus chun acmhainní a leithroinnt sa chaoi is go gcinntítear bainistíocht á déanamh i ndáil le réimsí baoil ionas go bhfágtar an baol ar leibhéal inghlactha.

Tugtar mioneolas sa chlár réimsí baoil ar na bearta rialála agus na gníomhartha eile is gá chun ábhar baoil a mhaolú agus luaitear an dualgas maidir leis na bearta rialála a dhéanamh le daoine sonracha den lucht foirne. Deimhním go bhfuil córas rialála ar bun ar gnéithe dá chuid iad seo a leanas:

- tá tuairisc i scríbhinn ar an nós imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis gnó,
- tá cúraimí sonracha, agus an fhreagracht dá réir, maidir le cúrsaí airgeadais curtha i leith dhaoine faoi leith ar leibhéal na bainistíochta,
- tá córas cuí buiséid ar bun lena mbaineann buiséad bliantúil a choinníonn daoine sinsearacha den lucht bainistíochta faoi athbhreithniú,
- tá córais ar bun a bhfuil d'aidhm leo iontaofacht na gcóras maidir le teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a chinntiú,
- tá córais ar bun chun na sócmhainní a chaomhnú

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***
Tá nós imeachta foirmeálta curtha ar bun maidir le monatóireacht a dhéanamh ar na próisis rialála agus cuirtear aon easnamh maidir le cúrsaí rialála in iúl don té atá freagrach as beart bisigh ina leith agus go luath-thráthúil don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí sin. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas ar bun:

- tá na príomhréimsí baoil agus na bearta rialála ina leith sin tugtha chun suntais agus próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na mbeart rialála sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnamh a thugtar chun aire,
- tá socruithe tuairiscíochta curtha ar bun ar gach leibhéal ar a leagtar cúram maidir le bainistíocht airgeadais, agus

- déanann daoine sinsearacha den lucht bainistíochta athbhreithniú go tráthrialta chomh maith le hathbhreithniú ceann bliana ar thuairiscí feidhmíochta agus ar thuairiscí airgeadais maidir le toradh na beartaíochta i gcomórtas le buiséid/réamh-mheastacháin.

***Soláthar***
Deimhním go bhfuil nós imeachta ar bun ag TG4 ionas go gcinntítear go mbítear ag cloí leis na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le cúrsaí soláthair agus gur chloí TG4 leo sa bhliain 2024.

***Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht***
Deimhním go bhfuil nós imeachta ar bun ag TG4 chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an nós imeachta maidir le bainistíocht agus rialáil i ndáil le hábhar baoil. Tagann monatóireacht agus breithneoireacht TG4 ar éifeachtúlacht an chórais maidir leis an rialáil airgeadais inmheánach faoi anáil obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na n-iniúchóirí seachtracha, faoi scáth an Choiste Iniúchóireachta & Riosca agus ábhar baoil a dhéanann maoirseacht ar an obair sin, agus faoi choimirce dhaoine sinsearacha den lucht bainistíochta taobh istigh de TG4 atá freagrach as an gcreatchóras maidir leis an rialáil airgeadais inmheánach a thabhairt chun cinn agus a choinneáil sa siúl.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil maidir leis an éifeachtúlacht a ghabh leis na bearta rialála inmheánacha i ndáil leis an mbliain 2023 ar an 16 Nollaig 2024.

***Bearta Rialála Inmheánacha***
Níor tugadh aon easnamh maidir leis na bearta rialála inmheánacha chun suntais i ndáil leis an mbliain 2024 a mbeadh nochtadh ina leith sna ráitis airgeadais de dhíth.

Tá fógra tugtha do TG4 maidir le hidirghabháil ó thaobh comhlíontachta ó na Coimisinéirí Ioncaim. Rinne TG4 nochtadh cáilitheach dá dheoin féin maidir le CBL a gearríocadh ar cheannacháin áirithe thar lear, agus maidir le CBL a éilíodh ar cheannacháin áirithe nach raibh inasbhainte don bhliain 2022. D'íoc TG4 €32,470 leis na Coimisinéirí Ioncaim (lena n-áirítear ús €4,960). Tá próiseas athbhreithnithe inmheánaigh ar bun maidir le comhlíonadh CBL agus tá idirphlé leanúnach ar siúl leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an ábhar seo. Tá athbhreithniú inmheánach déanta ag TG4 ar na blianta 2020, 2021 agus 2023 agus tá meastachán déanta acu ar dhliteanais bhreise féideartha arb ionann iad agus €92,382 san iomlán i ndáil leis na blianta seo (áirítear leis seo ús €19,337, arna ríomh suas go dtí dáta an chláir chomhardaithe). Tosóidh TG4 ag plé leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis na blianta seo a luaithe a bheidh athbhreithniú 2022 críochnaithe, toisc go bhféadfadh tionchar a bheith ag torthaí athbhreithniú 2022 ar ríomhanna na mblianta seo.

Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach
Bord TG4

19 Meitheamh 2025

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Teilifís na Gaeilge

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 109 den Acht Craolacháin 2009. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas maidir le sreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Theilifís na Gaeilge amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain 2024 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

### *An bonn atá leis an tuairim*

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnaisúnta d'Ard-Institiúidí Iniúchóireachta. Déantar cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ar Theilifís na Gaeilge agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir *Chód Eitice na hEagraíochta Idirnáisiúnta d'Ard-Institiúidí Iniúchóireachta.*

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis ar leith eile curtha i láthair ag Teilifís na Gaeilge in éineacht leis na ráitis airgeadais. Tá an fhaisnéis sin comhdhéanta den tuarascáil bhliantúil, san aireamh an ráiteas faoi chúrsaí rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas um rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i leith faisnéis den chineál sin agus ar ábhair ar leith eile lena dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam i leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**23 Meitheamh 2025**

## Aguisín don tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar atá leagtar amach sa ráiteas faoi chursaí rialachas agus tuarascáil comhaltaí an Bhoird na freagrachtaí atá ar chomhaltaí an Bhoird. Tá an Bord freagrach as

- na ráitis airgeadais bliantúil a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009
- a chinntiú go dtugann na ráitis léargas fíor agus cothrom de réir CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cibé an bhfuil úsáid as an mbonn cuntasaíochta gnóthas leantach oiriúnach, agus
- rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009 ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu chuig Tithe an Oireachtais.

An cuspóir atá agam le linn an iniúchta ná teacht ar dhearbhú réasúnach cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a sheoltar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Is mé á dhéanamh sin,

- aithním na rioscaí atá ann i leith míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid agus déanaim measúnú orthu; leagaim amach nósanna imeachta iniúchta mar fhreagra ar na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus tagaim ar fhianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le gan míráiteas ábhartha ó chalaois a bhrath níos airde ná ó earráid mar go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá ábhartha sna cúinsí atá i gceist, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar ábharthacht na mbeartas cuntasaíochta agus a réasúnach is atá meastacháin chuntasaíochta agus nochtuithe bainteacha.
- Socraím chomh oiriúnach is atá sé úsáid a bhaint as an mbonn cuntasaíochta gnóthas leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a dtagaim air, cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a chaithfeadh amhras suntasach ar chumas Theilifís na Gaeilge leanúint mar ghnóthas leantach. Má shocraím go bhfuil mhíchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe den chineál sin neamhleordhóthanach, mo thuairim a leasú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a dtángthas uirthi go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí amach anseo stop a chur ar Theilifís na Gaeilge leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar an gcur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais tríd is tríd lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann léiriú cóir.

Chomh maith le nithe eile, cuirim scóip agus am an iniúchta in iúl dóibhsean atá freagrach as rialachas chomh maith le torthaí suntasacha iniúchta lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa chóras rialaithe inmheánaigh a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht, más é mo thuairim,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- cibé an raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun iniúchadh ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair in éineacht leis na ráitis sin agus ní thugaim aon dearbhú ar aon bhealach ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó más léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist sa bhfaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

### Tuairisc ar nithe eile

Tugadh faoin iniúchadh de réir breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tuairiscím má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thug m'iniúchadh aird ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

## Teilifís na Gaeilge
## Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Díolacháin** | | | |
| Ioncam tráchtála | **3** | 5,834 | 5,399 |
| Costas díolacháin | **3** | (1,290) | (1,263) |
| **Glan Díolacháin** | | 4,544 | 4,136 |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | **4** | 8,678 | 8,273 |
| Speansais agus táillí chomhaltaí an Bhoird | **5** | 192 | 183 |
| Caiteachas clár | 6 | 46,207 | 41,324 |
| Costais tarchuir | | 2,017 | 1,878 |
| Margaíocht agus taighde | **7** | 2,903 | 2,697 |
| Forchostais | **8** | 3,026 | 2,722 |
| Dímheas | **9** | 2,297 | 2,160 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 65,320 | 59,237 |
| | | | |
| **Glan chaiteachas oibriúcháin don bhliain** | | (60,776) | (55,101) |
| | | | |
| Barrachas/(easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | 2 | – |
| | | (60,774) | (55,101) |
| | | | |
| Cistíocht stáit | **13** | 61,245 | 55,120 |
| | | | |
| **Barrachas/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas** | | 471 | 19 |
| Cánachas | **14** | (52) | (16) |
| | | | |
| Barrachas/(easnamh) coinnithe don bhliain airgeadais | | **419** | **3** |

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1–30.
Ní raibh aon brabús ná caillteanas sa bhliain seachas mar a tuairiscíodh ins an I&C.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach

Deirdre Ní Choistín
Ard-Stiúrthóir

19 Meitheamh 2025

**Teilifís na Gaeilge**
**Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024**

| | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | 9 | | 5,705 | | 5,900 |
| Sócmhainní seasta doláimhsithe | 11 | | 3,371 | | 3,687 |
| | | | 9,076 | | 9,587 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais | 15 | 2,894 | | 3,115 | |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 16 | 2,118 | | 589 | |
| Réamhíocaíochtaí Cláir | 17 | 9,142 | | 9,686 | |
| | | 14,154 | | 13,390 | |
| | | | | | |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Iníocaíochtaí | 18 | (3,319) | | (4,143) | |
| | | | | | |
| **Glan Sócmhainní Reatha** | | | 10,835 | | 9,247 |
| | | | | | |
| **Glan Sócmhainní** | | | 19,911 | | 18,834 |
| | | | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | | |
| Deontais chaipitil | 10 | | 7,385 | | 5,866 |
| Deontais reatha iarchurtha | 12 | | 12,512 | | 13,373 |
| Cúlchistí ioncaim | 19 | | 14 | | (405) |
| | | | | | |
| | | | 19,911 | | 18,834 |

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1–30.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach

Deirdre Ní Choistín
Ard-Stiúrthóir

19 Meitheamh 2025:

## Teilifís na Gaeilge
## Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Barrachas/(easnamh) roimh cháin i leith gnáthghníomhaíochtaí | | 471 | 19 |
| Dímheas | | 2,297 | 2,160 |
| (Barrachas)/easnamh ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | (2) | — |
| Amúchadh ar chostais clár | | 44,490 | 38,117 |
| Amúchadh ar dheontais rialtais | | (6,081) | (8,292) |
| Amúchadh ar dheontais leithroinnte do chostais clár | | (44,490) | (38,117) |
| (Ardú)/Laghdú ar Infháltais | | 221 | (447) |
| (Ardú)/Laghdú ar Réamhíocaíochtaí Cláir | | 544 | (738) |
| Ardú/(Laghdú) in Iníocaíochtaí | | (859) | (355) |
| Cánachas Íoctha | | (17) | (24) |
| **Airgead tirim ó oibriúcháin** | | **(3,426)** | **(7,677)** |
| Ús a íocadh | | — | — |
| **Glan-airgead tirim a gineadh ó ghníomhaíochtaí** | | **(3,426)** | **(7,677)** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimsithe a ceannaíodh | 9 | (2,102) | (2,012) |
| Cláir coimisiúnaithe agus cláir a ceannaíodh | 11 | (43,904) | (38,995) |
| Barrachas/(easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | 2 | — |
| Deontais caipitil Stáit | 13 | 7,600 | 8,200 |
| Deontais a fuarthas agus leithroinnte do shócmhainní cláir | | 43,359 | 39,733 |
| **Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **4,955** | **6,926** |
| | | | |
| **Glanmhéadú/(laghdú) in airgead tirim agus comhluach in airgead tirim** | **20** | **1,529** | **(751)** |

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1–30.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach

Deirdre Ní Choistín
Ard-Stiúrthóir

19 Meitheamh 2025

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhréireach le linn déileáil le hítimí a mheastar a bheith ábhartha i dtaca leis na ráitis airgeadais.

**(a) Bunú Theilifís na Gaeilge**

Is é Teilifís na Gaeilge an craoltóir Gaeilge a bunaíodh faoi Reacht agus atá ag feidhmiú anois faoin Acht Craolacháin 2009.

**(b) Ráiteas Comhlíontachta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscíochta airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

**(c) Bunús an réamh-mheasa agus breithiúnais shuntasacha chuntasaíochta agus na príomhchúiseanna atá le neamhchinnteacht meastachán**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in euro, slánaithe go dtí an míle is gaire (€000), arb é airgeadra feidhmiúil Teilifís na Gaeilge é. D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana. Is é nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin.

**(d) Aithint Ioncaim**

*Ioncam tráchtála*

Is ionann ioncam tráchtála agus ioncam ó dhíolacháin ama craolta, ó urraíocht agus ó ghníomhaíochtaí foghabhálacha. Déantar díolacháin a thaispeántar glan ar CBL a aithint sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil. Tagann díolacháin as idirbhearta babhtála chun cinn nuair a dhéantar seirbhísí ama craolta a mhalartú ar sheirbhísí neamhionanna agus nuair a mheastar go bhfuil substaint tráchtála san idirbheart. Tomhaistear idirbhearta den sórt seo ag luach cóir na seirbhísí a fhaightear, arna gcoigeartú de réir aon mhéideanna airgid agus coibhéisí airgid a aistrítear. Déantar coimisiún maidir leis na díolacháin sin a mhuirearú sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a thabhaítear é.

**(e) Caiteachas**

Cuimsíonn caiteachas, caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitiúil. Cuimsíonn glanchaiteachas oibriúcháin caiteachas ar chláir agus caiteachais riaracháin, glan ar ioncam tráchtála. Déantar caiteachas ar chláir a mhuirearú sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a thabhaítear é.

**(f) Deontais Stáit**

I bhfoirm deontais a fhaightear ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meáin, agus deontais a fhaightear ó ham go chéile do thionscadail sonracha ó Údarás Craolacháin na hÉireann faoi chlár Fís agus Fuaime an Údaráis a dhéantar maoiniú ar ghlan-chaiteachas oibríochta Theilifís na Gaeilge. Aithnítear deontais faoin modh fabhraithe. Déantar an chuid den deontas a bhaineann le Sócmhainní Seasta Doláimhsithe — Clár Caipitilithe agus Réamhíocaíochtaí Cláir a iarchuir agus aithint san Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a amúchta na speansais.
I bhfoirm deontais a fhaightear ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meáin agus deontais a fhaightear ó am go chéile do thionscadail shonracha ó Údarás Craolacháin na hÉireann faoi chlár Fís agus Fuaim an Údaráis a dhéantar maoiniú ar chaiteachas caipitil. Déantar amúchadh ar na deontais sin ar an mbonn céanna le dímheas a dhéanamh ar luach na sócmhainní bainteacha.

**(g) Sócmhainní seasta inláimhsithe**

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thaispeáint de réir costais lúide dímheas agus aon soláthar i leith lagaithe. Déantar dímheas a sholáthar ar gach sócmhainn seasta inláimhsithe, cé is moite de thalamh, de réir rátaí a ríomhtar chun costas bunaidh gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a saolré ionchasach, lúide luach iarmharach measta, mar a leanas;

| | % |
|---|---|
| Talamh & Foirgnimh | 2.5 |
| Trealamh | 20 |
| Fearais agus Feistis | 10 |
| Gléasanna Móibíleacha | 33 |

Déantar costais forbartha bogearraí, lena n-áirítear pá, costais bhogearraí ar mhórchórais chun ábhar a scaipeadh, tairsí, aipeanna fóin agus araile a chaipitliú agus a dhímheas i gcomhréir leis an gcostas trealaimh gaolmhar ón dáta a gcuirtear i bhfeidhm iad nó thar shaolré úsáideach ionchais na gcostas caipitlithe. Bíonn na rátaí sin idir 33% agus 100%.

**(h) Sócmhainní airgeadais — infheistíocht i Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited**

Déanann Teilifís na Gaeilge cuntas i leith a infheistíochta in Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited a thabhairt de réir costais (féach nóta 24). Folaíonn Sócmhainní Seasta suim €1 i leith

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

a hinfheistíochta i ngnáthscaireanna na cuideachta sin. Bunaíodh an chuideachta mar eagraíocht neamhbhrabúsmhar agus déanann RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe na costais ina leith a mhaoiniú. Mar thoradh air sin, ní thaispeánann ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge aon ioncam, chostais nó aon tiomántais i leith an chomhfhiontair sin.

(i) **Cánachas**

Déantar cáin chorparáide atá iníoctha a sholáthar ar bhrabúis inchánach de réir rátaí reatha. Tugtar aitheantas do cháin iarchurtha i leith na ndifríochtaí uainithe go léir atá tionscanta, gan a bheith freaschurtha, ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais i gcás ina bhfuil idirbhearta nó imeachtaí, atá ina gcúis le hoibleagáid chun tuilleadh cánach a íoc sa todhchaí nó ina gcúis le ceart chun níos lú cánach a íoc sa todhchaí, tar éis tarlú ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais. Is difríochtaí sealadacha iad difríochtaí ama idir barrachas a ríomhtar chun críocha cánach agus barrachas a luaitear sna ráitis airgeadais ar barrachais iad a éiríonn toisc go ndéileáiltear le hítimí áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais i mblianta éagsúla chun críocha cánach. Déantar cáin iarchurtha a thomhas de réir na rátaí cánach a meastar ina leith go mbeidh siad i bhfeidhm sna blianta ina meastar go n-aisiompóidh na difríochtaí ama agus an méid sin bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoi dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais. Ní lascainítear cáin iarchurtha.

(j) **Airgeadra coigríche**

Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar lá na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir an ráta malairte atá ann ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus déantar aon gnóthachain nó aon chaillteanais dá bharr sin a chur san áireamh sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

(k) **Pinsin**

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe. Coinnítear sócmhainní na scéime ar leithligh ó chuid an chomhlachta. Déantar ranníocaíochtaí bliantúla chuig an scéim sin a chur chun dochair sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas sa bhliain lena mbaineann siad.

(l) **Sócmhainní Seasta Doláimhsithe**

Déantar na costais a bhaineann le Cláir Choimisiúnaithe agus na costais a bhaineann le Cláir Ceannacháin a chaipitliú mar shócmhainní seasta doláimhsithe sna ráitis airgeadais. Is éard atá i gceist le Cláir Choimisiúnaithe ná cláir atá coimisiúnaithe ag Teilifís na Gaeilge ó léiritheoirí neamhspleácha agus tá siad bunaithe ar phraghas iomlán an chonartha. Déantar costas an Chláir Choimisiúnaithe a amúchadh bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Cláir Choimisiúnaithe Ardluacha: | 70% sa bhliain ar craoltar ar dtús é |
| | 20% sa bhliain i ndiaidh é a chraoladh ar dtús |
| | 10% sa dara bliain i ndiaidh na bliana ar craoladh ar dtús é |
| Cláir choimisiúnaithe eile agus cláir spóirt beo: | 100% sa bhliain ina bhfuil na cearta nó ina ndéantar na himeachtaí spóirt a chraoladh ar dtús. |

Is éard is cláir ceannacháin ann ná cláir a cheannaigh Teilifís na Gaeilge ó stiúideónna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Déantar iad sin a chur chun dochair sa ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Cláir Faighte: | 90% sa bhliain a chraoltar ar dtús é |
| | 10% sa bhliain i ndiaidh é a chraoladh ar dtús |

Ní dhéantar cláir Choimisiúnaithe & Ceannacháin a chaipitliú go dtí go mbeidh an clár ar fáil lena chraoladh. Tar éis tréimhse cúig bliana, déantar gach clár a chaipitlítear mar shócmhainní seasta doláimhsithe, agus an t-amúchadh lena mbaineann, a dhiúscairt den chlár. Cé go mbíonn na cearta craoltóireachta fós ag TG4 do roinnt de na cláracha sin, ní dócha go gcraoltar iad i ndiaidh na tréimhse sin, agus dá bhrí sin, ní bhíonn aon luach acu a thuilleadh do TG4.

(m) **Réamhíocaíochtaí Cláir**

Déantar aon suimeanna a íoctar sula mbeidh clár ar fáil lena chraoladh a aithint mar réamhíocaíochtaí.

(n) **Breithiúnais shuntasacha chuntasaíochta agus na príomhchúiseanna atá le neamhchinnteacht meastachán**

**Lagú Sócmhainní Seasta Inláimhsithe:** Déantar athbhreithniú i leith lagú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta cibé uair a thugann imeachtaí nó athrú ar imthosca le fios go mb'fhéidir nach bhfuil an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas i leith lagú mar an difear idir an tsuim ghlanluacha sa bhreis ar an tsuim inaisghabhála. Is í an tsuim inaisghabhála an luach cóir is airde ag sócmhainn lúide costas a díola agus a luach úsáide. Chun críocha lagú a mheas déantar acmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle ina bhfuil sreabhadh airgid inaitheanta ar leith ann dóibh (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar gach sócmhainn neamh-airgeadais ar bhain lagú di ar dháta na tuairiscithe féachaint an lagú a aisiompú.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha:** Tá athbhreithniú déanta ag an mbainistíocht ar shaolré agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistí agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

**Neamhchosaint ar Airgeadra Coigríche:** Téann Teilifís na Gaeilge i mbun socruithe conartha chun soláthróirí a íoc in airgeadra nach é airgeadra an euro é. Coinníonn Teilifís na Gaeilge cuntas ar na hidirbheartaíochtaí seo de ghnáth de réir na rátaí airgeadra infheidhme ar dháta na híocaíochta. Téitear i mbun réamhchonarthaí mar chosaint ar luaineachtaí airgeadra. Bíonn na cúiseanna a rachfar i mbun conarthaí dá leithéid bunaithe ar na meastacháin is fearr ar rátaí malairte amach anseo agus ar chomhairle ghairmiúil a fháil.

**Sócmhainní Seasta Doláimhsithe:** Mar atá leagtha amach i mbeartas L déanann Teilifís na Gaeilge costas an chláir choimisiúnaithe a amúchadh bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar an chlár. Tá meastacháin den sórt sin bunaithe ar na meastacháin is fearr ón mbainistíocht.

2 **PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT**

Is é príomhghníomhaíocht Theilifís na Gaeilge cainéal teilifíse Gaeilge, TG4 a fheidhmiú.

3 **Glandíolacháin**

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam Tráchtála** | | |
| Díolachán am craolta agus urraíocht | 4,189 | 3,880 |
| Muirear amach saoráidí | 488 | 471 |
| Ioncam ilghnéitheach | 1,157 | 1,048 |
| | 5,834 | 5,399 |
| **Costas Díolacháin** | | |
| Coimisiún ar dhíolachán fógraíochta agus urraíochta | 1,016 | 998 |
| Costais dhíreacha | 274 | 265 |
| | 1,290 | 1,263 |
| Glandíolacháin | 4,544 | 4,136 |

4 **Costais Foirne**

Ba 130 duine an meán uimhir fostaithe a bhí fostaithe ag Teilifís na Gaeilge le linn na bliana (2023: 121). Bhí costais fostaithe le linn na bliana comhdhéanta:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 7,408 | 7,107 |
| Costais leasa shóisialaigh | 841 | 778 |
| Costais phinsin | 808 | 763 |
| Taisteal agus cothabháil | 249 | 232 |
| Oiliúint | 142 | 156 |
| Costais eile foirne | 88 | 105 |
| | 9,536 | 9,141 |
| Costais foirne caipitlithe | (858) | (858) |
| Costas foirne leithdháilte go dtí an tionscadal cartlainne | — | (10) |
| Iomlán na gcostas foirne | 8,678 | 8,273 |

Faoi chostais eile foirne, sonraítear íocaíocht €52,000 (2023: €48,500) a bhain le dearbhán bhliantúil don fhoireann ar fad, ag eascairt as rialú ón gCoimisiúin um Chaidreamh Oibreachais a aontaíodh sa bhlain 2012, agus atá dhá íoc gach bliain ó shoin. Faoi Chiorclán 13/2014 arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, éilítear an líon fostaithe ar tháinig a sochar iomlán fostaíochta (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe faoi gach banda de €10,000, ó €60,000 ar aghaidh a nochtadh, chomh maith le figúir foriomlán de na ranníocaíochtaí iomlána pinsin fostóra. Nochtanna Teilifís na Gaeilge an t-eolas seo a leanas:

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

| Banda Tuarastail ó | Banda Tuarastail go dtí | Líon Fostaithe |
|---:|---:|---:|
| €60k | €69k | 18 |
| €70k | €79k | 13 |
| €80k | €89k | 6 |
| €90k | €99k | 8 |
| €100k | €109k | 2 |
| €110k | €119k | 4 |
| €120k+ | | 1 |

De réir mar is gá faoin gcód cleachtais, caithfidh Teilifís na Gaeilge príomhchúiteamh bainistíochta do 2024 a nochtadh (gan an tArd-Stiúrthóir a áireamh).

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---:|---:|
| Tuarastail & Pinsin | 639 | 619 |
| Sochair Iarfhostaíochta | — | — |
| Sochair Foirceanta | — | — |

| **Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra – Alan Esslemont** | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---:|---:|
| Bunthuarastal | 140 | 140 |
| Ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra | 21 | 21 |
| | 161 | 161 |

Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de scéim ranníocaíocht shainithe Teilifís na Gaeilge agus tugann Teilifís na Gaeilge méid comhionann le 15.29% de thuarastal an Ard-Stiúrthóra don scéim ar a shon.

**5 Costais an Bhoird**

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---:|---:|
| Táillí chomhaltaí an Bhoird (Nóta 22) | 142 | 146 |
| Taisteal agus cothabháil agus speansais eile | 50 | 37 |
| | 192 | 183 |

Cúitítear costais cothabhála agus taistil le baill an bhoird. €Náid an cháin atá iníoctha ag Teilifís na Gaeilge maidir le costais dá leithéid i 2024 (2023: €2,871).

**6 Costais clár**

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---:|---:|
| Cláir choimisiúnaithe cláraithe agus amúchta sa tréimhse | 41,145 | 35,353 |
| Cláir ceannacháin cláraithe agus amúchta sa tréimhse | 3,344 | 3,064 |
| Costais dubála agus costais eile | 1,718 | 2,907 |
| | 46,207 | 41,324 |

**7 Margaíocht agus Taighde**

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---:|---:|
| Fógraíocht agus margaíocht | 2,641 | 2,463 |
| Tomhais agus taighde ar an lucht féachana | 261 | 232 |
| Speansais comhairle an lucht féachana | 1 | 2 |
| | 2,903 | 2,697 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**8 Forchostais**

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Speansais áitrimh agus trealaimh | 1,184 | 997 |
| Speansais ghairmiúla agus airgeadais | 660 | 347 |
| Tobhach tionscail íoctha | 648 | 787 |
| Speansais ghinearálta agus oifige | 534 | 591 |
| | 3,026 | 2,722 |

**9 Sócmhainní Seasta Inláimhsithes**

| | Talamh & Foirgnimh €'000 | Trealamh & Gléasanna Móibíleacha €'000 | Fearais & Feistis €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2024 | 8,729 | 13,356 | 632 | 22,717 |
| Breisithe | 39 | 2,031 | 32 | 2,102 |
| Diúscairt | — | — | (13) | (13) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **8,768** | **15,387** | **651** | **24,806** |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2024 | 4,868 | 11,642 | 307 | 16,817 |
| Muirear don bhliai | 225 | 2,030 | 42 | 2,297 |
| Diúscairt | — | — | (13) | (13) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **5,093** | **13,672** | **336** | **19,101** |
| **Glanluach Leabhair** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **3,675** | **1,715** | **315** | **5,705** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **3,861** | **1,714** | **325** | **5,900** |

**10 Deontais Chaipitil**

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Deontais chaipitil —faighte agus infhaighte** | | |
| Iarmhéid Tosaigh | 48,399 | 40,199 |
| Deontais a fuarthas le linn na bliana (Nóta 13) | 7,600 | 8,200 |
| Iarmhéid Deiridh | 55,999 | 48,399 |
| **Amúchadh** | | |
| Iarmhéid Tosaigh | 42,533 | 34,241 |
| Amúchta le linn na bliana | 6,081 | 8,292 |
| Iarmhéid Deiridh | 48,614 | 42,533 |
| **Glanluach leabhair — deontais chaipiti** | **7,385** | **5,866** |

Léiríonn deontais chaipitil an maoiniú stáit a fuarthas i ndáil le caiteachas caipitil a thabhaigh Teilifís na Gaeilge. Amúchtar deontais chaipitil ar an mbonn céanna a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 11 Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

| | Coimisiúnaithe Cláir €'000 | Ceannachán Cláir €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2024 | 127,664 | 14,714 | 142,378 |
| Breisithe | 40,626 | 3,278 | 43,904 |
| Diúscairt | (20,735) | (2,664) | (23,399) |
| **Ar 31 Nollaig 2024** | **147,555** | **15,328** | **162,883** |
| **Amúchadh Carntha** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2024 | 124,265 | 14,426 | 138,691 |
| Amúchta sa bhliain | 40,876 | 3,344 | 44,220 |
| Diúscairt | (20,735) | (2,664) | (23,399) |
| **Ar 31 Nollaig 2024** | **144,406** | **15,106** | **159,512** |
| **Glanluach leabhair** | | | |
| **Ar 31 Nollaig 2024** | **3,149** | **222** | **3,371** |
| **Ar 31 Nollaig 2023** | **3,399** | **288** | **3,687** |

## 12 Deontais Reatha Iarchurtha

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Deontais Iarchurtha amhail an 1 Eanáir** | 13,373 | 11,755 |
| Deontais reatha- faighte sa bhliain **(Nóta 13)** | 54,303 | 48,446 |
| Deontais a úsáideadh sa bhliain | (55,164) | (46,828) |
| **Deontais Iarchurtha amhail an 31 Nollaig** | 12,512 | 13,373 |

## 13 Maoiniú Stáit

Is ionann deontais ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meáin agus maoiniú Rialtais a fhaightear i leith caiteachas reatha a thabhaíonn Teilifís na Gaeilge.

**Maoiniú stáit curtha chun sochair an Chuntais Ioncaim & Caiteachais sa bhliain**

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Deontas a úsáideadh sa bhliain **(Nóta 12)** | 55,164 | 46,828 |
| Deontas caipitil amúchta **(Nóta 10)** | 6,081 | 8,292 |
| | 61,245 | 55,120 |

| Ba é an leithroinnt iomlán don bhliain 2024 ná €61.903m a bhí comhdhéanta de: | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais a fuarthas ón RTCEGSM i ndáil le caiteachas reatha (Vóta 33 — Fo-Cheannteideal B5) | 53,933 | 48,033 |
| Deontais a fuarthas i ndáil le caiteachas reatha i dtreo costas margaíochta i dTuaisceart Éirinn (NDNA) | 100 | 100 |
| Deontais a fuarthas i ndáil le caiteachas reatha i dtreo "Cruinniú na nÓg 2024" | 270 | — |
| Deontais a fuarthas i ndáil le caiteachas reatha i dtreo "Cruthaím 2023" | — | 300 |
| Deontais a fuarthas ón Coimisiún na Meán i ndáil le thionscadal cartlainne | — | 13 |
| Deontais a ndearnadh iarratas orthu chun críocha caipitil ón RTCEGSM (Vóta 33 — Fo-Cheannteideal B5) | 7,600 | 8,200 |
| Iomlán a Fuarthas | 61,903 | 56,646 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 14 Cáin ar Bharrachas ó Ghnáthghníomhaíochtaí

| | | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| (a) | Anailís ar mhuirear cánach sa bhliain | | |
| | Muirear cháin chorparáide don bhliain | 52 | 14 |
| | Muirear cháin chorparáide don bhliain roimhe sin | – | 2 |
| | | 52 | 16 |

(b) Fachtóirí le tionchar ar mhuirear cánach na bliana

Tá an ráta éifeachtach cánach don bhliain níos airde ná ráta caighdeánach cháin chorparáideach na hÉireann de 12.5%. Tá na difríochtaí mínithe thíos:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas | 471 | 19 |
| Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoi ráta caighdeánach cháin chorparáide na hÉireann de 12.5% (2023: 12.5%) | 59 | 3 |
| Tionchair de: | | |
| Ioncaim incháinithe ag ráta cánach níos airde | 10 | 15 |
| Barrachas na ndeontas caipitil a amúchtar agus liúntas chaipitiúla thar dímheas | – | – |
| Leithdháileadh ar chaillteanais na bliana reatha | (13) | (4) |
| Caiteachas nach gceadaítear ó thaobh cáin | (4) | – |
| | 52 | 14 |

## 15 Infháltais

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais | 2,156 | 2,051 |
| CBL inaisíoctha | 184 | 317 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 554 | 747 |
| | 2,894 | 3,115 |

Meastar go bhfuil gach iarmhéid inaisghábhála laistigh de bhliain amháin.

## 16 Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Banc | 2,118 | 589 |
| | 2,118 | 589 |

San áireamh sa chuntas bainc tá €352,000 atá coinnithe ar iontaobhas ó Fís Éireann.

## 17 Réamhíocaíochtaí Cláir

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir Coimisiúnaithe | 8,264 | 9,103 |
| Cláir a ceannaíodh | 878 | 583 |
| | 9,142 | 9,686 |

## 18 Iníocaíochtaí — dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna Iníoctha Trádála | 997 | 1,463 |
| Fabhruithe agus ioncam iarchurtha | 2,287 | 2,680 |
| Cáin corparáideach iníochta | 35 | – |
| | 3,319 | 4,143 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**19 Cúlchistí**

| | Cúlchiste Ioncam €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2024 | (405) | (405) |
| Easnamh don Bhliain | 419 | 419 |
| Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2024 | 14 | 14 |

**20 Anailís ar Athruithe i nGlanchistí**

| | Iarmhéid tosaigh €'000 | Sreabhadh Airgid €'000 | Iarmhéid Deiridh €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | – | – | – |
| Taiscí ghearrthéarmacha | 589 | 1,529 | 2,118 |
| | 589 | 1,529 | 2,118 |

**21 Pinsean**

D'fheidhmigh Teilifís na Gaeilge scéim ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe.
Maoinítear an scéim agus coinnítear sócmhainní ar leithligh ó shócmhainní Theilifís na Gaeilge.

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Tabhaíodh na costais phinsin seo a leanas le linn na bliana: | | |
| Scéim ranníocaíochtaí sainithe | 808 | 763 |
| | 808 | 763 |

**22 Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a Leasanna**

Tugtar thíos na Stiúrthóirí agus Rúnaí a d'fhóin i rith na bliana:

| Stiúrthóir/Rúnaí | Dáta a ceapadh le linn na bliana (más ann) | Táillí 2024 €'000 | Táillí 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Alan Esslemont (An tArd-Stiúrthóir) | | – | – |
| Anna Ní Ghallachair (An Cathaoirleach) | | 21.6 | 21.6 |
| Bríd Ní Fhachtna (Dáta Scoir 21/12/2023) | | – | 12.3 |
| Frank Reidy (Dáta Scoir 21/12/2023) | | – | 12.3 |
| Mairéad Ní Nuadháin | | 12.6 | 12.6 |
| Siobhán Ní Ghadhra | | 12.6 | 12.6 |
| Darach Ó Tuairisg | | 12.6 | 12.6 |
| Seán Ó Domhnaill | | 12.6 | 12.6 |
| Roisín Ní Ráighne | | 12.6 | 12.6 |
| Aedín O'Leary | | 12.6 | 12.6 |
| Seán Ó Cuirreáin | | 12.6 | 12.6 |
| Sonia Nic Giolla Easpuig | | 12.6 | 11.3 |
| Muireann Ní Chiobháin | 20/03/2024 | 9.8 | – |
| Éamonn Ó hArgáin | 20/03/2024 | 9.8 | – |
| Lís Ní Dhálaigh (Rúnaí an Bhoird) | | – | – |
| | | 142.0 | 145.7 |

Costais €50,222 a bhain le baill an Bhoird i 2024, (2023: €36,954) le haghaidh: taisteal intíre €18,257 (2023: €11,512), cothabháil €11,905 (2023: €12,946) agus costaisí eile (riarachán agus traenáil san áireamh) €20,060 (2023: €12,496).
Faoi réir na bhforálacha san Acht Craolacháin 2009, ghlac an Bord le nós imeachta maidir le nochtadh leasanna áirithe ag comhaltaí agus comhlíonadh an nós imeachta seo i rith na bliana.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

23 **Áitreabh**

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge as áitreabh atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co na Gaillimhe. Tá uinéireacht ag Teilifís na Gaeilge ar rúileas an áitreabh i mBaile na hAbhann.

24 **Sócmhainní airgeadais**

Is comhfhiontar neamhbhrabúis é Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited (MBSN) a bhunaigh Teilifís na Gaeilge agus RTÉ i nDeireadh Fómhair 2012. Bunaíodh an comhfiontar chun tarchur digiteach trastíre saor go haer i dTuaisceart Éireann a éascú maidir le Teilifís na Gaeilge, RTÉ1 agus RTÉ2. Trí gnáth-scair atá i scairchaipiteal na cuideachta, dhá cheann in úinéireacht RTÉ agus ceann in úinéireacht Teilifís na Gaeilge. Rinne MBSN comhaontú le RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe (DCMS) inar haontaíodh gur seasfaidh RTÉ (dhá dtrian) agus DCMS (aon trian) costais tarchuir MBSN. Maoinítear costais eile ar nós costais réamh-chorpraithe agus costais leanúnacha riaracháin de réir an choibhnis chéanna ag RTÉ agus DCMS.

25 **Tiomantais Chlár/Chearta Ceannacháin**

| Tá tiomantais chlár/chearta ceannacháin ag Teilifís na Gaeilge mar seo leanas: | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Conarthaí ach ní raibh soláthar déanta ina leith ag deireadh na bliana. | 39,078 | 79,424 |

26 **Tiomantais**

| Tá tiomantais chaipitil ag Teilifís na Gaeilge mar seo a leanas: | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Conarthaí ach ní raibh soláthar déanta ina leith ag deireadh na bliana. | 25 | 126 |

27 **Idirbheartaíocht RTÉ**

Fuair Teilifís na Gaeilge 389 uair de chláir Gaeilge saor in aisce ó RTÉ sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024, sé sin 24 uair níos mó ná an 365 uair a bhaineann leis an oibleagáid reachtúil.

28 **Neamhchosaint Airgeadra Coigríche**

Is as íocaíochtaí ar chláracha ceannaithe go príomha a eascrann neamhchosaint airgeadra. Fálaíonn Teilifís na Gaeilge a neamhchosaint airgeadra coigríche trí réamh-chonarthaí don US Dollar a aontú nuair is cuí, dar leis. Luach iomlán a bhí orthu seo in 2024 ná €0 (2023: €0). Ní raibh aon chonradh airgeadra coigríche amuigh ag deireadh na bliana (2023: €0).

29 **Comhaltaí Boird — Nochtadh Idirbhearta**

I ngnáthchúrsaí gnó, rinne Teilifís na Gaeilge socruithe conarthacha le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí den Bhord fostaithe nó a bhfuil leas eile acu iontu. Chuir Teilifís na Gaeilge modhanna imeachta i bhfeidhm de reir na dtreoirlínte i gCód Cleachtias 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit i leith nochtadh leasanna ag Comhlaltaí den Bhord agus chloígh Teilifís na Gaeilge leis na modhanna sin i rith na bliana. Ceadaíodh conraithe le luach de €7,095,405 in 2024 i dtaca le gnóthais a raibh baint ag comhaltaí Teilifís na Gaeilge leo nó a raibh leas acu iontu go díreach nó go hindíreach a nocht siad ag cruinnithe. I measc na gcásanna a bhí ann bhí cinn a raibh comhaltaí Teilifís na Gaeilge fostaithe acu nó ag sólathar seirbhíse dóibh. Chloígh na Comhaltaí sin agus Teilifís na Gaeilge leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirihte i leith cásanna leasa pearsanta. I gcásanna a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann, ní bhfuair Comhaltaí den Bhord cáipéisíocht bhoird i dtaca leis na hidirbhearta molta, agus níor ghlac na Comhaltaí sin páirt ná níor fhreastail siad ar aon phlé boird a bhain leis an ábhar.

30 **Ceadú na Ráiteas Airgeadais**

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 19 Meitheamh 2025.